AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | Tuarascáil Bhliantúil 2008







'08

# Tuarascáil Bhlaintúil | 2008

Protecting Workers for 20 Years 1989-2009

# Ag obair le Cultúr Náisiúnta Barr Feabhais i Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre a chruthú d'Éirinn

# Clár Ábhair

Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh . . . . . . . . . . . 2

Ról an Údaráis . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

Baill an Bhoird . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4

An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

Eochair-ghnóthachtálacha i 2008 . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

Caibidil 1: Gníomhaíochtaí Comhlíonta agus Comhairle san Ionad Oibre . . 8

Caibidil 2: Gníomhaíochtaí Seribhísí Coisc . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 16

Caibidil 3: Gníomhaíochtaí Beartais agus Seirbhísí Ceimiceán . . . . . . . . . . . 24

Caibidil 4: gníomhaíochtaí Seirbhísí Corparáideacha . . . . . . . . . . . . . . . . . . 30

Ráiteas Airgeadais 2008 . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 36

Aguisín A: Staitisticí Iniúchta agus Feidhmithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 42

Aguisín B: Torthaí na nIonchúiseamh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 46

Aguisín C: Reachtaíocht agus Treoir nua a rinneadh i 2008 . . . . . . . . . . . 54

Aguisín D: Fochoistí an Bhoird . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 60

Aguisín E: Coistí Comhairliúcháin agus Grúpaí Oibre . . . . . . . . . . . . . . . . 62

Arna fhoilsiú i bhFeabhra 2009 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.
© Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur i gcruth nó ar dhóigh ar bith, cé acu leictreonach, meicniúil, fotachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roimh ré.

# Tuarascáil ón gCathaoirleach agus ón Leas-Phríomhfheidhmeannach

## chuig an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Mary Coughlan TD

### Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2008 a chur faoi bhur mbráid.

Bliain éachtaí agus bliain bhrónach a bhí ann. I measc na n-éachtaí bhí an líon iniúchtaí is airde a a rinneadh riamh, éachtaí maidir le cur i bhfeidhm REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) in Éirinn, éachtaí maidir le clár athnuachana agus simplithe na reachtaíochta agus cáilíocht agus méid na treorach a cuireadh ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe.

Maolaíodh na héachtaí seo áfach, ar an ábhar gur tuairiscíodh 57 bás san ionad oibre chuig an Údarás. D'fhéadfaí iad go léir a chosc nach beag agus tharla a fhormhór toisc gur theip ar bhainisteoirí nó ar oibrithe freagracht phearsanta a ghlacadh as sláinte agus sábháilteacha. Tháinig laghdú le deichniúr ar líon na ndaoine a fuair bás ag an obair i 2008 i gcomparáid le 2007, ach arís eile fuair líon ard feirmeoirí agus oibrithe tógála bás ag an obair.

Bliain chiniúnach ba ea an bhliain seo d'Éirinn agus bliain chiniúnach ba ea é don Údarás chomh maith. Thosaigh an tÚdarás athbhreithniú ó bhun ar a straitéis, ag féachaint do chineál na hoibre agus na fostaíochta a bhfuil athrú ag teacht air agus an tábhacht le ceisteanna sláinte ceirde atá ag méadú i gcónaí de leithéid cúiseanna le breoiteacht agus le bheith as láthair ón obair. Chuir an tÚdarás REACH, straitéis cheimiceáin an AE, i bhfeidhm go rathúil, ina leantar leis an téama béim níos a bheith ar ghnéithe sláinte agus timpeallachta na hoibre.

Mar aon le rialachán sláinte agus sábháilteachta a luathú agus a simpliú, thugamar isteach córas bainistíochta iniúchta nua a thabharfaidh cabhair dúinn níos mó dár n-iarrachtaí a dhíriú orthu siúd atá níos lú géilliúla. D'oibríomar go crua chomh maith lena chinntiú go mbeidh sláinte agus sábháilteacht mar bhunchuid den chóras oideachais in Éirinn.

Tá a fhios againn go mbeidh 2009 ina bhliain dhúshlánach d'fhostóirí, d'fhostaithe agus don Údarás, ach ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar na dosaenacha bás, na mílte gortuithe agus breoiteachtaí, agus na billiúin euro a cailleadh mar gheall ar dhrochshábháilteacht agus ar dhrochshláinte. Leanfaimid lenár mbeartas cabhrú le fostóirí chun ionaid oibre shábháilte agus shlána a sholáthar agus cuirfimid an dlí i bhfeidhm nuair is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas na n-oibrithe a chosaint.



Jim Lyons
Cathaoirleach



Martin O'Halloran
Príomhfheidhmeannach



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Ról an Údaráis

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht reachtúil náisiúnta atá freagrach as an dlí sábháilteachta agus sláinte ceirde a chur i bhfeidhm, cosc timpistí a chothú agus a spreagadh, agus faisnéis, comhairle agus taighde a sholáthar do gach cuideachta, grúpa, eagraíocht agus duine aonair. Is é an tÚdarás an tÚdáras Inniúil Náisiúnta chomh maith do REACH agus do reachtaíocht ceimiceán eile. Bíonn an tÚdarás ag plé le hionaid oibre de gach méid i ngach earnáil eacnamaíochta.

Is é aidhm an Údaráis ná go mbeidh sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre ina bhunchuid den ghnó atá ar bun i ngach ionad oibre in Éirinn. Tá an cuspóir seo ina chuid bhunúsach de chlár láidir reachtaíochta an Údaráis. Féachann an tÚdarás go príomha do thimpistí san ionad oibre a laghdú trí threoir agus tacaíocht a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe d'fhonn cinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht. Má theipeann ar an gcur chuige coisctheach, tionscnaíonn an tÚdarás caingean dlí chun oibrithe a chosaint agus caighdeáin sábháilteachta agus sláinte oibrithe agus ceimiceán a chur i bhfeidhm.

Tá an tÚdarás tiomanta do straitéis trí bliana (2007 – 2009) chun a aidhmeanna a bhaint amach, a bheidh bunaithe ar na spriocanna seo a leanas:

- Feasacht ghinearálta a spreagadh ar shábháilteacht, shláinte agus leas ceirde san ionad oibre i measc fostóirí, fostaithe agus sa tsochaí trí chéile.
- Díriú ar oibrithe agus ar bhainisteoirí na todhchaí trí chultúr sábháilteachta a chothú trí mheán idirghabháil go luath agus go leantach sna córais oideachais agus oiliúna.
- Eolas agus treoir atá ábhartha agus sainiúil a chur ar fáil go héasca dóibh siúd a bhainistíonn agus a chuireann sláinte san ionad oibre chun cinn i ngach earnáil agus cabhrú leo a gcuid spriocanna a bhaint amach.
- Reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leas ceirde a chur chun cinn trí iniúchtaí spriocdhírithe tosaíochta agus trí chaingean dlí nuair is gá.
- Clár taighde a fhorbairt ar réimsí fíorchontúirteacha san ionad oibre atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a n-úsáidfear inár mbearta ar fad.
- Cinntiú go soláthróidh an tÚdarás agus a fhoireann, acmhainní agus áiseanna na spriocanna corparáideacha seo i gcomhréir le dea-chleachtas agus luach ar airgead.

# Baill an Bhoird

Tá dháréag ball ar an mBord: cathaoirleach agus aon bhall déag a cheapann an tAire Gnóthaí Saothair. Ceapann an t-aire baill a ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Cinneann an Bord beartas an Údaráis.

## Is iad seo a leanas baill an Bhoird ag deireadh 2008:

**Cathaoirleach**
Jim Lyons
iar-Phríomhfheidhmeannach, Coiste Garimoideachais Chontae an Chláir

**Ainmnithe na bhFostóirí**
Dermot Carey,
Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)

Marian Byron,
An stiúrthóir, Lárionad Táirgí Tionsclaíocha, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)

Sean Corrigan,
Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta, Banc na hÉireann

**Ainmnithe na bhFostaithe**
Eamon Devoy (Leas-Chathaoirleach),
Ard-Rúnaí Ainmnithe, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta & Leictreachais (TEEU)

Esther Lynch,
Oifigeach Beartas, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

Dessie Robinson,
Ard-Rúnaí Cúnta, Ceardchumann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann (IMPACT)

**Ainmnithe an Aire**
Anne Marie Hayes

Pat Kearney

Francis Rochford

Christina McEleney

Rosie Sheerin

## Cathaoirleach


Jim Lyons
iar-Phríomhfheidhmeannach, Coiste Garimoideachais Chontae an Chláir

## Ainmnithe na bhFostóirí


Dermot Carey
Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)


Marian Byron
Stiúrthóir, Lárionad Táirgí Tionsclaíocha, IBEC


Sean Corrigan
Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta, Banc na hÉireann

## Ainmnithe na bhFostaithe


Eamon Devoy
(Leas-Chathaoirleach), Ard-Rúnaí Ainmnithe, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta & Leictreachais (TEEU)


Esther Lynch
Oifigeach Beartas, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)


Dessie Robinson
Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT

## Ainmnithe an Aire


Ann-Marie Hayes


Pat Kearney


Francis Rochford


Christina McEleney


Rosie Sheerin

# An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Faoi láthair is é 197 an leibhéal soláthair foirne ceadaithe atá ag an Údarás, a chuimsíonn cigirí, saineolaithe gairmiúla, riarthóirí agus foireann chléireachais.

Bainistíonn agus stiúrann an Príomhfheidhmeannach cur i bhfeidhm na straitéise i gcomhlíonadh le freagrachtaí agus beartais reachtaíochta an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord. Ceithre aonad faoi cheannas Leas-Phríomhfheidhmeannaigh atá san eagraíocht mar seo a leanas:

POF
Martin O'Halloran



Leas-POF
Comhlíonadh & Comhailre
Michael Henry

Leas-POF
Seirbhísí Coisc
Mary Dorgan

Leas-POF
Beartas Ceimiceáin agus Seirbhísí
Sharon McGuinness

Leas-POF
Seirbhísí Corpáideacha
Robert Roe









# Príomhéachtaí i 2008

- Rinne cigirí an Údaráis 16,009 iniúchadh – an líon iniúchtaí is airde i mbliain ar bith go dtí seo. Is ionann é seo agus méadú 17% ar iniúchtaí i 2007.
- Thug cigirí faoi ghuaiseanna san ionad oibre trí fhógraí forfheidhmithe foirmiúla i 14% de na hiniúchtaí, Lena n-áirítear gníomhaíocht oibre dhainséarach a stopadh trí fhógraí dianchoisc a eisiúint i 5% d'iniúchtaí.
- Thionscain an tÚdarás 27 ionchúiseamh i 2008. Gearradh fineálacha den tsuim €2,524,600.
- Tugadh isteach Acht Ceimiceán 2008 (S.I. Uimh. 13), ina bhfuil sé a sainaithníonn an tÚdarás as a bheith ina Údarás inniúil le haghaidh REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) agus déanann sé foráil do rialúchán REACH a chur i bhfeidhm.
- Bhí 848 iniúchadh ann chun leibhéil feasachta ar rialúchán REACH a mheasúnú. Úsáidfear torthaí na n-iniúchtaí seo i straitéis forfheidhmithe trí bliana REACH de chuid an Údaráis.
- Sholáthair Deasc Chabhrach REACH tacaíocht d'fhostóirí a raibh dualgas orthu ceimiceáin a réamhchlárú faoin spriocdháta 1 Nollaig 2008. Tugadh faoi na ceisteanna líonmhara a fuair an Deasc Chabhrach roimh an spriocdháta laistigh d'aga freagartha 14 lá.
- Tionscadal mór don Údarás ba ea córas bainistithe iniúchtaí ordaithe a fhorbairt agus spriocdháta ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm aige i 2009. Soláthraíonn an córas nua taifead comhtháite ar na hiniúchtaí, na bearta forfheidhmithe, an comhfhreagras agus na teagmhais thuairiscithe agus teagmhálaithe custaiméirí ar fad.
- Foilsíodh Straitéis Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre, a leagann amach tosaíochtaí náisiúnta i réimse na sláinte san ionad oibre. Thiomsaigh grúpa saineolaithe an tuarascáil agus chomhordaigh an tÚdarás í.
- Bhí leibhéal comhpháirtíochta agus rannpháirtíochta níos mó ná riamh i gceist le cur chuige Seirbhísí Coiscthe an Údaráis agus méadú suntasach ann ar chomhthionscnaimh. Príomheagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear Chuir Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC) agus an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta (CSP), pleananna fadtéarmacha leasaithe i láthair.
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir le dul i bhfeidhm ar oibrithe na todhchaí trí shraith chlár agus tionscanamh dírithe go háirithe ar an dara leibhéal agus ar bhunsoileanna.
- Táirgeadh agus scaipeadh an-chuid treoracha, cóid chleachtais agus ábhair feasachta trí mheáin dhifriúla chun cabhrú le gnóthaí a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Thug foireann uirlisí speisialta, dírithe ar ghnóthaí beaga faoina riachtanais maidir le Rialacháin Feidhmiúcháin Ghinearálta 2007 a chur i bhfeidhm.
- Bhí an-tóir ag ár gcustaiméirí ar ár dtáirgí eolais agus treorach, agus ar íoslódálacha ónár suíomh Gréasáin, go háirithe, níos airde ná mar a bhí riamh.
- Bhí rath ar thionscnaimh uile-oileáin ó thaobh sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn i roinnt earnálacha, talmhaíocht agus foirgníocht, ina measc.
- Bhí freastal maith ar sheimineáir spriocdhírithe, a tugadh in ionaid ar fud na tíre agus ar fud roinnt earnálacha, lena n-áirítear iompar, foirgníocht, cairéalú, talmhaíocht agus sláinte cheirde.
- Cuireadh córas leasaithe i bhfeidhm le garchabhair a bhainistiú, lena n-áirítear teagascóirí agus lucht garchabhrach a oiliúint agus a chreidiúnú. Rinneadh dul chun cinn chomh maith le hathbhreithniú an chaighdeáin oiliúna agus an chórais chreidiúnaithe do theagascóirí láimhsithe.
- Rinneadh obair ullmhúcháin shuntasach ar straitéis an Údaráis do 2010-2012, ag féachaint don tionchar atá ag na cúinsí geilleagracha atá ag athrú ar ionaid oibre na hÉireann.

# Caibidil 1: Gníomhaíochtaí Comhlíonta agus Comhairle san Ionad Oibre

Cuspóir na Rannóige um Chomhlíonadh agus Comhairle san Ionad Oibre ná obair le fostóirí agus fostaithe lena chinntiú go mbíonn cur chuige coisctheach ann maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre trí idirghabháil dhíreach san ionad oibre bunaithe ar chomhairle, ar threoir agus, nuair is gá, ar ghníomhartha forfheidhmithe.

I 2008 chomhlánaigh an Rannóg um Chomhlíonadh agus Comhairle san Ionad Oibre a ról trí:

- Feasacht ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a spreagadh i measc fostóirí agus fostaithe i bpríomhearnálacha sainaitheanta trína chlár iniúchtaí.
- Gearáin agus timpistí a iniúchadh lena chinntiú go ndíbreofaí guaiseanna agus contúirtí lena mbaineann nó go gcuirfí faoi smacht iad.
- Cinntiú go gcosnófar fostaithe trí ghníomhaíocht forfheidhmithe sa chás gur theip ar fhostóirí dualgais a chomhlíonadh a cuireadh i bhfeidhm faoi reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa.
- Cur chuige bunaithe ar fhianaise a úsáid chun ár ngníomhaíocht a dhíriú ar fhostóirí i bpríomhearnálacha.

## Cláir Iniúchta Ghinearálta Earnála agus Ábhair

D'éirigh leis an Údarás an leibhéal iniúchta a mhéadú go suntasach i 2008 nuair a cuireadh 16,009 iniúchadh san ionaid oibre i gcrích. Is ionann é seo agus méadú 17% ar ghníomhaíocht iniúchta i 2007. Is mar fhreagairt ar ghearáin a fuarthas nó timpistí ar tugadh fógra don údarás maidir leo a bhí 14% de na hiniúchtaí seo.

Cuireadh 100% den leibhéal iniúchta a bhí beartaithe i gcrích sna heochairchláir seo a leanas: foirgníocht, talmhaíocht, mianaigh agus cairéil, déantúsaíocht, seirbhísí airgeadais, sábháilteacht feithiclí d'iompar san Ionad Oibre agus láimhsiú.

Rinneadh gníomhaíocht forfheidhmithe fhoirmiúil i 14% d'iniúchtaí, agus fógraí dianchoisc á n-eisiúint le linn 5% d'iniúchtaí, inar shainigh cigirí gníomhaíochtaí a chuir sláinte nó sábháilteacht san ionad oibre go mór i mbaol, dar leo.

Tugadh tacíocht d'fhostóirí a bhí gafa go gníomhach le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre, trí chomhairle agus treoir scríofa a sholáthar le linn 54% d'iniúchtaí san ionad oibre.

Tá táblaí a léiríonn sonraí líon agus chineál na n-iniúchtaí, agus leibhéil na comhlíontachta do gach earnáil gheilleagrach á gcur i láthair in Aguisín A. Déantar cur síos ar na príomhthorthaí sna rannáin seo a leanas.

**Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte**

Cuireadh an measúnú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta agus sláinte i gcrích ar 90% d'iniúchtaí thar gach earnáil a bheag nó a mhór. Bhreithnigh cigirí táscairí mar an leibhéal feasachta ar fhreagrachtaí sábháilteachta agus sláinte ag leibhéal an stiúrthóra/ an úinéara, ráiteas sábháilteachta bunaithe ar mheasúnachtaí riosca a bheith ann agus a mhéid atá na bearta rialaithe curtha i bhfeidhm sa ráiteas sábháilteachta.

I 2008, léirigh torthaí na measúnachtaí ar an gcóras sábháilteachta agus sláinte na nithe seo a leanas:

- Bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 75% d'fhostóirí.
- Bhí 53% de na ráitis sábháilteachta mheasúnaithe, comhlíontach nó comhlíontach tríd is tríd. Níor taifeadadh ach 3% nach raibh comhlíontach nó a bhí chomhlíontach ar bhealach teoranta.
- Bhí 53% d'fhostóirí iomlán feasach nó feasach tríd is tríd ar a bhfreagrachtaí sábháilteachta agus sláinte.

Thaifead cigirí nach raibh 6% d'fhostóirí feasach ar a bhfreagrachtaí. Léiríonn na figiúirí go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar leibhéil feasachta ar fhreagrachtaí sábháilteachta agus sláinte ó thosaigh an tÚdarás an táscaire seo a mheas ina chláir iniúchta i 2006.

**Foirgníocht**

Rinneadh 7,019 iniúchadh ar an iomlán san earnáil foirgníochta i 2008, arb ionann agus 40% de na hiniúchtaí go léir iad. As an méid seo, iniúchtaí ar thimpistí ba ea 462 díobh agus iniúchtaí ar ghearáin ba ea 734 ceann díobh. Rinne na cigirí iniúchadh ar 15 thimpiste mharfacha san earnáil foirgníochta. Dúnadh seacht láithreán tógála go toilteanach de bharr na ndroch-chaighdeán foriomlán sábháilteachta agus sláinte a chonacthas ag na láithreáin seo.

Dhírigh an clár iniúchta foirgníochta ar raon buncheisteanna, lena n-áirítear maoir a cheapadh (léiríodh comhlíonadh iomlán nó comhlíonadh tríd is tríd i 79% de na láithreáin), rialú do thochailt (a taifeadadh gur leor iad i 61% de chásanna). Is ábhar imní fós í chosaint ar imill agus obair ar ardán, agus gan ach 42% de láithreáin a bheith comhlíontach tríd is tríd nó go hiomlán, agus 20% díobh taifeadta a bheith comhlíontach nó a bheith comhlíontach ar bhealach teoranta. Chomhlíon áiseanna leasa na ceanglais i 59% d'iniúchtaí. Léirigh feachtais iniúchtaí ar leith san earnáil a dhírigh ar dheirmitíteas stroighne agus faireachas sláinte, go raibh drochfheidhmíocht i gceist, agus rátaí chomhlíontachta teoranta nó í gan a bheith ann ag 36% agus 38% faoi seach.

Cuireadh trí fheachtas sábháilteachta foirgníochta trí seachtaine ar siúl i Márta, Meitheamh agus Meán Fómhair. Dhírigh cigirí go sonrach ar shábháilteacht feithiclí le linn na n-iniúchtaí seo.

Cuireadh treoir arna heisiúint an Údarás chun cinn go leanúnach le linn an phróisis iniúchta, go háirithe an Cód Cleachtais Foirgníochta d'fhostóirí a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú ná sin acu.

**Talmhaíocht**

Rinne na cigirí 1,480 iniúchadh san earnáil talmhaíochta i 2008. As an méid seo, iniúchtaí ar thimpistí ba ea 65 ceann agus iniúchtaí ar ghearáin ba ea 30 ceann. Rinne cigirí iniúchadh ar 21 timpiste mharfach san earnáil.

Dhírigh an clár iniúchta ar raon ceisteanna, lena n-áirítear láimhsiú ainmhithe, sábháilteacht leanaí agus sábháilteacht tarracóirí agus innealra, agus láimhsiú sciodair. Cé go bhfaca cigirí leibhéil arda chomhlíonta maidir le rialú fisiceach a bheith ann chun rioscaí a íoslaghdú, tá ábhair imní fós ann maidir le cleachtais agus iompraíocht oibre le linn gníomhaíochtaí feirmeoireachta.

Measadh go dtiocfadh na cigirí ar roinnt mhaith gníomhaíochtaí foirgníochta le linn iniúchtaí feirme de bharr an chistithe atá ar fáil d'fheirmeoirí faoin scéim Deontas Caipitiúil um Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola. Níor thángthas ar a leithéid de ghníomhaíochtaí, áfach, ach i 14% d'iniúchtaí. Sa chás go raibh gníomhaíocht foirgníochta ag dul ar aghaidh, bhí leibhéil na comhlíontachta leis na rialacháin foirgníochta lena mbaineann íseal, agus 56% díobh a comhlíon cuid acu agus 21% díobh nár chomhlíon ar chor ar bith iad.

Reáchtáladh feachtas sábháilteachta talmhaíochta in Aibreán, agus bhí mórán eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an gcur chuige comhpháirtíochta maidir leis an earnáil talmhaíochta in ann díriú air.

Chun tacú leis an bpobal talmhaíochta, bhí cigirí de chuid an Údaráis ar fáil chun comhairle agus treoir a thabhairt d'fheirmeoirí ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag Farm Fest (imeacht de chuid Teagasc).

Díroefar níos mó ar cheist na gcleachtas oibre, go háirithe sna réimsí láimhsithe ainmhithe agus úsáid innealra i 2009.



### Foraoiseacht

Rinneadh 49 iniúchadh san earnáil foraoiseachta i 2008. Díríodh go príomha ar fhreagrachtaí na maor, sábháilteacht innealra, soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE), comharthaíocht, oiliúint oibrithe agus úsáid ceimiceán. Bhí dea-leibhéil chomhlíontachta i bhformhór na réimsí. Áiríodh ar na réimsí ina raibh comhlíontacht theoranta nó nach raibh comhlíontacht ar bith iontu dualgais Bainisteoirí Oibreacha Foraoiseachta (3%), comharthaíocht (5%) agus measúnuithe riosca sainiúil don láithreán (7%).



### Mianaigh agus Cairéil

Chuir na cigirí 556 iniúchadh i gcrích in earnáil na mianach agus na gcairéal i 2008. As an méid seo, iniúchtaí ar thimpistí ba ea 28 ceann agus iniúchtaí ar ghearáin 18 gcinn. Díríodh go príomha ar úsáid agus leithlisiú fearas buan, cosaint teorainneacha agus imeall, gluaiseacht feithiclí, pléascadh, agus bealaí coisithe.

Go bhforiomlán, bhí leibhéil de chomhlíonadh lán nó leathan 43%. Bhí leibhéil ísle de chomhlíonadh teoranta nó d'easpa comhlíonta ann, ach níor comhlíonadh rialú cosanta imeall agus sábháilteachta coisithe go hiomlán i roinnt mhaith láithreán.

Sholáthair na cigirí treoir agus eolas a bhain leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Cairéil) 2008 nua le linn an chláir iniúchta, chun cabhrú le bainisteoirí cairéal a gceanglais a chomhlíonadh faoin reachtaíocht nua seo.Reáchtáladh seachtain sábháilteachta mianach agus cairéal i nDeireadh Fómhair, agus dhírigh cigirí ar fheasacht a spreagadh ar na Rialacháin um Chairéil nua lena linn, agus go hairithe ar na ceanglais na ceapacháin ábhartha a dhéanamh.

### Déantúsaíocht

Rinneadh 2, 417 iniúchadh san earnáil déantúsaíochta i 2008. Dhírigh iniúchtaí go háirithe ar cheisteanna rochtana ar airde, úsáidte forcardaitheoirí agus sábáilteachta coisithe. Reáchtáladh feachtais iniúchta ar leith chomh maith ar láimhsiú, sábháilteacht iompair feithiclí agus torann (tá sonraí sa bhreis ar fáil thíos).

49% a bhí i léibhéil chomhlíonta iomláin nó leathain ar an iomlán.



### Seirbhísí Cóiríochta agus Bia

Tionscnamh nua don Údarás ba ea an clár seo i 2008, agus 706 iniúchadh ann. Dhírigh an tionscnamh réamhghníomhach seo ar fheasacht ar cheisteanna sábháilteachta agus sláinte a spreagadh laistigh den earnáil.

Rinne na cigirí measúnú ar bhainistíocht sábháilteachta agus sláinte i ngach ionad oibre. Dhírigh iniúchtaí chomh maith ar sholáthar faisnéise sábháilteachta i bhformáid a d'fhéadfadh fostóirí tuiscint go héasca agus ullmhúchán measúnachtaí riosca ar láimhsiú. Ba iad 43% agus 48% faoi seach na leibhéil chomhlíonta iomláin nó leathain a taifeadadh do na réimsí seo, agus ba é 10% an leibhéal comhlíonta teoranta nó easpa comhlíonta sa dá réimse.

### Seirbhísí Airgeadais

Tionscnamh nua don Údarás ba ea clár seo i 2008, agus 233 iniúchadh déanta in earnáil na seirbhísí airgeadais. Spreag an tionscnamh feasacht laistigh den earnáil go mór. Mar aon le measúnuithe ar bhainistíocht sábháilteachta agus sláinte tríd is tríd, tugadh aird ar nósanna imeachta chun déileáil le ceisteanna struis agus fianaise beartas frithbhulaíochta a bheith ann.

Rinneadh athbhreithniú ar threalamh scáileán taispeána i 145 ionad oibre. Ní raibh fianaise ach i 45% de láithreáin gur comhlánaíodh measúnuithe stáisiún oibre aonair, ach bhí fianaise ann i 70% de láithreain gur cuireadh tástáil súl agus radharc na súl ar fáil. Is é an rud a chonaic na cigirí ná go raibh fianaise ann i 48% de láithreáin gur tugadh faisnéis agus oiliúint sábháilteachta d'fhostaithe.

### Údaráis Áitiúla

Bhí 252 iniúchadh ann ar ionaid oibre Údarás Áitiúil i 2008. Ba léir sna hiniúchtaí go raibh leibhéal ard comhlíonta ann maidir le maoir a cheapadh (80%) agus feasacht ar fhreagrachtaí bainisteoirí sinsearacha (80%). Dhírigh an t-údarás chomh maith ar nochtadh agus rialú oibreáin cheimiceáin nó bhitheolaíoch, lena n-áirítear vacsaíniú (69% comhlíonadh lán nó leathan), soláthar PPE cuí (77% comhlíonadh lán nó leathan) agus soláthar áiseanna leasa sásúla.

### Iompar san Ionad Oibre

Thug an tÚdarás faoi 227 iniúchadh a bhain le sábháilteacht iompair san ionad oibre i 2008. Breathnaíodh leibhéil shuntasacha chomhlíonta a bhí teoranta nó lag i ndáil le leithscaradh coisithe, leagan amach an ionaid oibre do ghluaiseacht feithiclí agus soláthar faisnéise. I mbreis agus 50% d'ionaid oibre, ní raibh aon mheasúnachtaí riosca nó nósanna imeachta doiciméadaithe ann i ndáil le lódáil, dílódáil, rialacha láithreáin nó feithiclí a chúlú.

Baineadh amach 264 iniúchadh suirbhé sa bhreis chun sábháilteacht iompair a mheas ó thaobh an tiománaithe, na feithicle agus na háite oibre. Soláthróidh torthaí ó na suirbhéanna seo an bonn fianaise do chláir iniúchta sa todhchaí sa réimse seo.

Chuir cigirí comhairle agus cáipéisí treorach ón Údarás ar fáil do mhaoir ag na hionaid oibre agus chomh maith leis seo chuir siad sraith seimineár ar shábháilteacht iompair san ionad oibre chun cinn, a bhí á reáchtáil ag an Údarás i 2008.

### Seirbhísí Sláinte

Bhí 192 iniúchadh ann in earnáil na seirbhísí sláinte i 2008. Na ceisteanna sonracha ar tugadh fúthu ná dramhaíl chliniciúil, rialú ionfhabhtú, slándáil/foréigean, géaráin agus vacsaíniú. Shainigh an clár iniúchta gurb é an leibhéal comhlíonta sa réimse slándála/foréigin an leibhéal is ísle agus 33% d'iniúchtaí a raibh cómhlíonadh éigin ann agus sin amháin. I ngach réimse eile bhí na leibhéil chomhlíonta láin nó leathain a breathnaíodh os cionn 70%.

### Athchúrsáil Dramhaíola

Rinne an tÚdarás 104 iniúchadh spriocdhírithe ar oibreacha athchúrsála dramhaíola na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí príobháideacha ar aon i 2008. Dhírigh na hiniúchtaí, a a tháinig i ndiaidh chlár iniúchta 2007 san earnáil seo, ar chórais bhainistíochta sábháilteachta agus sláinte agus ar shainiú bealaí tráchta/coisithe.

### Torann

Rinneadh 411 iniúchadh torainn thar gach earnáil i 2008. Mheas na hiniúchtaí seo conas a thug fostóirí faoi leibhéil ghníomhaíochta torainn laghdaithe sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Feidhm Ghinearálta) 2007, lena n-áirítear torann a thomhas ag na hionaid oibre. I 63% agus 50% d'ionaid oibre, thomhais cigirí

leibhéil torainn os cionn 80 agus 85dBA faoi seach (is ionann na leibhéil seo agus na leibhéil ghníomhaíochta nochta íoctaracha agus uachtaracha do thorann, nuair sa chás go neilíonn fostóirí gníomhartha sainithe). As an méid seo, ní raibh toisí torainn ar fáil ó 31% díobh, agus níor breathnaíodh cláir laghdaithe torainn ach i 36% d'iniúchtaí. Tá sé léirithe i bhfianaise gurb é soláthar PPE (91% de chásanna) ach le ráta úsáidte níos ísle (72%) an chur chuige tosaigh maidir leis an nguais seo.

### Láimhsiú

Rinne cigirí 489 iniúchadh láimhsithe mar chuid den bhéim ar shláinte céirde sa chlár iniúchta do 2008. Ba léir ó na hiniúchtaí seo go bhfuil leibhéil ísle chomhlíonta fós ann maidir leis an gceanglas measúnachtaí riosca a dhéanamh a thabharfaidh lód, timpeallacht agus tasc san áireamh, agus rialuithe a chur i bhfeidhm sa chás go mbíonn contúirtí sainaitheanta (leibhéil chomhlíonta teoranta nó easpa chomhlíonta ag 26% agus 21% faoi seach).

Rinneadh Iniúchtaí láimhsithe sonracha sna hearnálachta foirgníochta, sláinte, fáilteachais agus iompair. Bhí suirbhéanna a rinneadh le linn na 176 iniúchadh spriocdhírithe seo mar bhonn le tuarascáil an Údaráis chuig Coimisiún na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC) i 2008.

### Innealra

Rinneadh 179 iniúchadh ar innealra thar earnálacha difriúla i 2008. Dhírigh na hiniúchtaí ar innealra ar leith, agus rinneadh measúnú ar a gcomhlíontacht maidir le marcáil CE, dearbhú comhréireachta a bheith ann, chomhaid theicniúla a bheith ann agus eolas agus treoir d'úsáideoirí a bheith ann. Is idir 1% (marcáil CE) agus 22% (comhaid theicniúla) a bhí na leibhéil chomhlíonta theoranta nó easpa chomhlíonta.

Bhí raon beart ann de bharr iniúchtaí an Údaráis ar thimpistí innealra, ina measc fógra fillte toillteanach árthach brú ar fud na hEorpa, aisfheistiú feistí sábháilteachta ríthábhachtacha, agus eisiúint foláireamh sábháilteachta i ndáil le cothabháil an innealra dí-oighrithe.



### Bulaíocht

Rinneadh iniúchtaí ar bheartais frithbhulaíochta i 550 cuideachta ina raibh breis agus 50 fostaí ann. Bhí beartas um chosc ar bhulaíocht ann i 94% de chásanna. Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar bheartais choicthe a ceapadh chun ceanglais an Chóid Chleachtais Bulaíochta a chomhlíonadh mar chuid den tionscnamh nua in earnáil na Seirbhísí Airgeadais.

### Sláinteachas Oibre (OH) agus Clár Iniúchta REACH

Cuspóir Aonad Forfheidhmithe um Shláinteachas Oibre agus REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) an Údaráis ná monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le hAcht Ceimiceán 2008, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Oibreáin Cheimiceacha 2001 in ionaid oibre na hÉireann.

Áirítear ar phríomhthorthaí agus príomhéachtaí don Aonad i 2008:

- Feasacht ar REACH: Rinne an tAonad OH/REACH 895 iniúchadh le linn 2008, lena n-áirítear 848 iniúchadh ar leith de chuid REACH. Léiríodh i dtorthaí na n-iniúchtaí feasachta seo de chuid REACH go raibh níos lú na 30% de na fostóirí sa suirbhé tar éis a ról a chinneadh faoin rialachán REACH agus nach raibh ach 20% díobh tar éis fardal substaintí a bhí faoi réir REACH a chur le chéile.
- Iniúchtaí agus Fógraí Aispeiste: Chomh maith leis seo thug an tAonad 212 cuairt a bhain le haispeist i 2008 agus rinne sé abhreithniú ar 289 fógra aispeiste le linn na tréimhse sin. Ba é an chéad bhliain é inar ndearnadh iniúchtaí aispeiste faoi Acht Ceimiceán 2008. Chomh maith leis seo rinneadh suirbhé forleathan ar na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte atá á gcur i bhfeidhm nuair a bhíonn obair aispeiste ar siúl agus na leibhéil chomhlíonta atá acu siúd atá ag obair san earnáil. Thaispeáin an suirbhé go bhfuil caighdeáin éagsúla ann, agus déanfar obair bhreise ar na ceisteanna seo le linn iniúchtaí aispeiste i 2009.
- Sainmhonatóireacht: Rinne an tAonad 53 iniúchadh monatóireachta ar Chreathadh-Géige-Láimhe agus rinne sé monatóireacht aeir ar risíocht le dheannach in-ion-análaithe (plúr) iomlán ag naoi láithreán ar leith i 2008. Rinne an t-aonad obair bhreise ar an suirbhé silice a rinneadh i 2007 chomh maith agus cuireadh fostaithe ar an eolas faoi na torthaí.

**Forfheidhmiú Tionscal Próiseála (PIE)**
Feidhmíonn an tÚdarás mar an tÚdarás Náisiúnta Inniúil faoi Rialacháin COMAH 2006 (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí) nó Rialacháin SEVESO II (dírithe ar shábhailteacht láithreán ina bhfuil líon mór substaintí contúirteacha a fheabhsú). Déanann an tAonad PIE monatóireacht ar chomhlíonadh le Rialacháin COMAH agus le ceanglais reachtaíochta eile sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre a bhféadfadh baol ó thaobh guaiseanna mórthionóiscí a bheith i gceist leo.

Áirítear ar phríomhthorthaí agus príomhéachtaí an Aonaid i 2008:

- Iniúchtaí: Rinne an tAonad 363 iniúchadh le linn 2008 agus rinne sé iniúchadh ar na láithreáin go léir a bhfuil feidhm ag Rialacháin COMAH leo. Rinne an tAonad bás amháin agus dhá mhórthionósc i láithreáin COMAH a fhiosrú agus tá comhaid á n-ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

- Comhairle Pleanála Talamhúsáide (LUP): Tugann an tAonad comhairle theicniúil d'Údaráis Phleanála áitiúla agus don Bhord Pleanála faoi chinnti pleanála d'fhorbairtí timpeall láithreáin mhórghuaise agus faoi láithreáin COMAH nua. Rinne an tAonad 450 iarratas ar chomhairle ar an iomlán a phróiseáil i 2008. Freastalaíodh ar cheithre éisteacht ó bhéal de chuid an Bhoird Phleanála inar míníodh ár gcomhairle agus rinneadh agóid ina haghaidh. Choimisiúnaigh an tÚdarás saineolaithe LUP ón Ríocht Aontaithe chun tuarascáil a ullmhú ar cheanglais LUP an Údaráis amach anseo, agus tagairt ar leith ann do thorthaí Choimisiún Buncefield. Críochnaíodh an tuarascáil sin i mí na Nollag agus úsáidfear é chun treoir LUP nuashonraithe an Údaráis a fhorbairt i 2009. Ullmhaíodh comhairle chineálach faoi LUP agus tugadh d'Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath (DDDA) d'fhorbairtí amach anseo sa cheantar seo. Bhí pleananna éigeandála i bhfeidhm do gach láithreán ardleibhéil.

- Pleananna Éigeandála Seachtracha: D'fhonn oibleagáidí AE a chomhlíonadh inne an tAonad athbhreithniú ar na pleananna éigeandála seachtarcha go léir do gach láithreán léibhéal uachtarach COMAH. D'fhreastail ball foirne ón Aonad ar thástáil na bpleananna seo.

- Tuarascálacha Sábháilteachta: Athbhreithnigh agus d'fhaomh an tAonad dhá thuarascáil sábháilteachta réamhfhoirgníochta do láithreáin ardleibhéil COMAH. Tá tuarascáil sábháilteachta amháin eile a fuarthas i 2008 á measúnú. Tá deich thuarascáil sábháilteachta sa bhreis, a fuarthas sna blianta roimhe seo, i gcéimeanna éagsúla den phróiseas measúnaithe. Ionas go bhfaomhfaí na tuarascálacha seo caithfear mionathruithe a dhéanamh ag láithreáin léibhéal uachtarach COMAH.

- Coinbhinsiún Arm Ceimiceach na Náisiún Aontaithe: Rinne an tAonad na dearbhuithe is gá don UN mar a éilíonn an Coinbhinsiún. Chlúdaigh siad na láithreáin in Éirinn atá faoi réir an Choinbhinsiúin agus na substaintí ceimiceacha lena mbaineann. D'éascaigh an tAonad ceithre iniúchadh ón Eagraíocht maidir le Toirmeasc ar Arm Ceimiceach (OPCW) le linn 2008.

- Suiteálacha amach ón gCósta: Faoin Acht um Suiteálacha amach ón gCósta, 1987, rinne an tAonad cúig iniúchadh . amach ón gcósta. Chomh maith leis seo rinneadh oibreacha agus iniúchtaí ar son na Roinne i ndáil le hiarratas díolúine Marathon Oil.

**Iompar agus Stóráil Substaintí Contúirteacha Forfheidhmiú**
Cuireann an tAonad reachtaíocht agus treoir i bhfeidhm a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha ar an mbóthar (ar a dtugtar comhaontú ADR) agus stóráil agus miondíol peitriliam. I gcomhoibriú leis na Gardaí, déanann an tAonad corrsheiceáil cois bóthair ar fheithiclí a bhíonn ag iompar earraí contúirteacha. Déantar iniúchadh ar íostaí lena chinntiú gur ceapadh Comhairleoir Sábháilteachta um Earraí Contúirteacha agus go mbíonn a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh ag a bhfostóir. Déanann an tAonad iniúchadh chomh maith ar stórais pheitriliam mhiondíola agus phríobháideacha lena chinntiú go mbíonn sábháilteacht á bainistiú go cuí ar an láithreán.

I 2008, rinne an tAonad 1,212 iniúchadh. Áirítear orthu seo iniúchadh ar 538 feithicil earraí contúirteacha, 220 áitreabh DGSA agus 124 stóras peitriliam miondíola agus príobháideacha. Rinneamar 212 corrsheiceáil ar fheithiclí neamhmharcáilte lena chinntiú nach raibh siad ag iompar earraí contúirteacha.

D'eisigh an tAonad 98 fíneáil ar an láthair i leith neamhchomhlíonadh le Rialacháin ADR. D'eisíomar roinnt fógraí feabhsaithe chun comhlíonadh le reachtaíocht a fheabhsú in áitribh DGSA agus stáisiúin pheitril. Ullmhaíodh comhad ionchúisimh amháin. D'éascaigh an tAonad 'Athbhreithniú ar Rialúchán um láimhsiú peitriliam agus áiseanna stórála', arna choimisiúnú ag an An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus arna ullmhú ag Arup Consulting Engineers i 2008. Leanann an tAonad de theagmháil a dhéanamh leis an Roinn maidir le obair bhreise chuí a dhéanamh i ndiaidh an staidéir seo.

Cuireadh tuarascáil ar fhorfheidhmiú comhordaithe corrsheiceálacha le linn 2007 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh arna éiliú ag Treoir ón gComhairle 95/50/CE.

## Gníomhartha Forfheidhmiúcháin

Rinne an tÚdarás raon gníomhaíochtaí forfheidhmithe i 68% iniúchadh i 2008. Tá táblaí a thaispeánann líon agus cineál na ngníomhartha forfheidhmithe do gach earnáil gheilleagrach ar fáil in Aguisín A. Mar achoimre, áirítear ar na gníomhartha forfheidhmithe i 2008:

- Comhairle scríofa ar leith a sholáthar maidir le háiteanna oibre ar leith i 8,568 cás (54%
- 1,466 Fógra Feabhsaithe a eisiúint d'fhonn comhlíonnadh a chinntiú sa chás go mbreathnaíodh gur sáraíodh forálacha reachtúla ábhartha.
- 772 Fógraí Toirmisc a eisiúint sa chás go mbreathnaíodh gníomhachtaí a d'fhéadfadh tromghortú pearsanta a bheith i gceist leo.

Measadh go raibh na caighdeain sábháilteachta agus sláinte ar sheacht láithreán tógála chomh lag sin is gur chóir iad a dhúnadh. I ngach cás chuaigh an conraitheoir i ngleic leis an bpróiseas dúnta thoilteanaigh ionas go bhféadfaí na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a thabhairt chuig caighdeán ina bhféadfaí obair a dhéanamh ar an láithreán arís.

Rinne cigirí iniúchadh ar 151 timpiste thromchúiseach. Tugadh faoi 1,234 iniúchadh sa bhreis ar bhonn na ngearán a cuireadh ar aghaidh ó Aonad Teagmhála Ionad Oibre an Údaráis.

Rinneadh iniúchadh iomlán ar gach timpiste mharfach (57) a bhain le hobair.

Thionscain an tÚdarás 27 ionchúiseamh ar an iomlán i 2008; éistíodh le 16 cinn go hachomair agus le 11 cheann ar díotáil. Gearradh fíneálacha den tsuim € 2,524,600 mar gheall ar sháruithe reachtaíochta sábháilteachta agus sláinte i rith 2008.

Lena chinntiú gur seasadh le cumhachtaí na gcigirí, déanann an tÚdarás ionchúisimh i gcásanna ina gcuireann fostóir cosc ar chigire a chuid dualgas a chomhlíonadh. Rinneadh dhá ionchúiseamh den chineál sin a raibh rath orthu i 2008.

## Cláir Forbartha Cigirí agus Próiseas Iniúchta

Cuspóir Aonad Forbartha an Phróisis Iniúchta ná éifeachtacht agus caighdeán barrmhaith éifeachtúlachta maidir le próisis iniúchta, fiosrúcháin agus forfheidhmithe an Údaráis a chinntiú.

Cuireadh críoch le forbairt an Chórais Taifeadta Iniúchta nua –'Geosmart' –i 2008 agus chuaigh sé beo in Eanáir 2009. Bhí an tionscadal mórscála seo críochnaithe in am agus laistigh den bhuiséad agus é ag lánfheidhmiú. Cothabháladh rialú cáilíochta ar an seanchóras trí fhorbairt an chórais nua agus cuireadh cleachtadh ríthábhachtach chun sonraí reatha a aistriú go GeoSmart i gcrích go rathúil amach i 2008. Shocraigh an tAonad oiliúint na foirne cigireachta go léir san fheidhmchlár GeoSmart.

Tugadh isteach foirmeacha forfheidhmithe iniúchta nua chun córas bainistíochta cáipéisí iniúchta/cigireachta nua a éascú. Is féidir na foirmeacha seo a chur leis an taifead ábhartha ar GeoSmart agus teicneolaíocht scanta á húsáid.

Rinneadh nuashonrú ar Lámhleabhar Forfheidhmithe na gCigirí, agus tagairt ar leith do Treoir a sholáthar do chigirí ar na heochairchláir iniúchta i 2008.

Comhlánaíodh clár oiliúna ionduchtaithe do na hearcaigh cigireachta go léir agus soláthraíodh oiliúint theicniúil do chigirí a bhí ann le fada.

Ag leibhéal an AE, ghlac cigirí ón Aonad páirt i gcoistí éagsúla urraithe ag Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC). Bhí an tAonad mar chathaoirleach agus eagraí ar athbhreithniú piaraí SLIC Chigirí Saothair na Danmharige (Údarás Timpeallachta Oibre).

# Coistí Comhairliúcháin Réigiúnacha

Thacaigh foirne cigireachta réigiúnacha an Údaráis le hobair na gCoistí Comhairliúcháin Réigiúnacha tríd an mbaint a bhí acu le roinnt tionscnamh.
Ghlac cigirí i réigiún an deiscirt páirt i gceithre sheimineár arna reáchtáil ag Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Deiscirt. Bhí trí sheimineár acu seo ar siúl ag an ESB agus Comhairlí Contae Chorcaí agus Chiarraí agus tugadh faoi cheist na sábháilteachta ag oibreacha bóthair. Bhí an ceathrú seimineár ar siúl i rith Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa agus díríodh ar mheasúnú riosca.

Chabhraigh cigirí le Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Oirdheiscirt maidir le seimineáir ar shábháilteacht agus sláinte ag leibhéal an stiúrthóra, an bhainisteora agus an mhaoirseora agus maidir le comhsheimineár leis na hÚdaráis Áitiúla ar cheanglais sábháilteachta do chonraitheoirí beaga agus meánacha. Thacaigh cigirí chomh maith le seimineár a bhí ar siúl ag Bord Iascaigh Mhara (BIM) i gCo. Phort Láirge inar pléadh ceist cobhsaíochta soithí beaga.

Reáchtáil Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Iarthair trí chruinniú bricfeasta i 2008 i nGaillimh, Maigh Eo agus sa Chlár. Sholáthair cigirí eolas ar an reachtaíocht Sábháilteachta ag Oibreacha Bóthair agus ar chomharthaíocht, soilsiú agus gardáil.

Reáchtáil Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Iarthuaiscirt dhá thionscnamh 'Keep Safe' agus thacaigh an chigireacht réigiúnach lena chuid oibre .

# Meabhráin Tuisceana

Aithníonn an tÚdarás go bhféadfadh idirghníomhaíocht le gníomhaireachtaí stáit eile, a bhfuil ról reachtach acu chomh maith, a bheith i gceist uaireanta chun comhlíonadh reachtaíochta sábháilteachta agus sláinte a chinntiú. Chun comhoibriú a éascú idir gníomhaireachtaí i gcúinsí den sórt sin, tá an tÚdarás tar éis athnuachan a dhéanamh nó tús a chur le meabhráin tuisceana leis na gníomhaireachtaí seo a leanas i 2008:

- An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Oifig an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh
- An Garda Síochana.

# Caibidil 2:
# Gníomhaíochtaí Seribhísí Coisc

Treoraíonn an Rannóg Seirbhísí Coisc an straitéis choisc ar dhrochshláinte do gach réimse seachas Ceimiceáin.

Is é clár oibre na Rannóige ná na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Bíonn fostóirí agus fostaithe feasach ar a ndualgais agus a bhfreagrachtaí faoi seach.
- Feidhmíonn siad go dearfach maidir leis an bhfreagracht sin.

Is é an sproic fhoriomlán atá againn ná ionaid oibre a dhéanamh níos sábháilte agus níos sláintiúla do gach duine. Éilíonn an cuspóir orainn réim leathan a bheith againn agus cinntiú go mbíonn rochtain éasca ar ár n-eolas agus táirgí treorach.

An cur chuige a úsáidimid ná:

- Sonraí a anailísiú agus tosaíochtaí a phleanáil bunaithe ar riosca agus tionchar;
- Cabhrú leis an reachtaíocht chomhréireach is gá a fhorbairt;
- Sábhailteacht agus sláinte a chur chun cinn ag leibhéal na feasachta tríd is tríd agus ag leibhéal na hearnála ar leith nó ag leibhéal guaise.
- Eolas agus treoir a sholáthar ar féidir teacht air go héasca;
- Oibrithe amach anseo a oiliúint agus a bhfeasacht a mhéadú.
- Tionscnaimh choisc san ionad oibre a chur i bhfeidhm.
- Córais náisiúnta cosúil le Garchabhair a bhainistiú.
- Comhpháirtíochtaí le tabhairt faoi eochairdhúshlán a fhorbairt agus a spreagadh.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Údarás mar Údarás Inniúil náisiúnta i réimsí na Treorach maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus na Treorach maidir le Brú-Thealamh Iniompair (TPED).

Rinne an rannóg Seirbhísí Coisc éachtaí móra agus an cur chuige seo á úsáid i 2008, agus leagtar amach thíos iad

## Beartas Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta

Bhí 21 bás a bhain-le-hobair san earnáil feirmeoireachta i 2008. Is ionann é seo seo agus cúlú tábhachtach ar an treocht feabhsaithe san earnáil ghuaiseach seo. Bhí 11 bás ann i 2007 agus 18 bás ann i 2005 agus 2006. Ní amháin go mbeidh ar an údarás ach beidh ar na mórán comhlachtaí ionadaíochta feirmeoirí aird a thabhairt ar an ráta básanna ard seo má táimid chun feabhsuithe inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach.

Ghlac an tÚdarás páirt i roinnt grúpaí oibre chun comhghníomhaíocht a bhaint amach lena n-áirítear Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC) (fochoiste don Bhord) agus an Comhthionscnamh Coisc (JPI) (HSA agus Teagasc). Go sonrach;

- Rinneadh Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC) a athbhunú agus a neartú. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta roimhe sin agus sheol an tAire Kelleher Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm nua i mí na Nollag Bunaíodh seacht bhfochoiste, ceann amháin do gach mórsprioc de chuid an Phlean Gníomhaíochta agus meastar go n-éireoidh leis an bplean seo rannpháirtíocht shuntasach na n-eagraíochtaí ionadaíocha a bhaint amach.
- Síníodh an Comhthionscnamh Coisc (JPI) le Teagasc ar feadh tréimhse trí bliana sa bhreis. Déanfaidh an Tionscnamh seo maoirseacht ar raon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cur chun cinn an Chóid Chleachtais Talmhaíochta; oiliúint sábháilteachta, go háirithe Oiliúint leath lae Cód Cleachtais; comhordú roinnt tionscadal taighde, lena n-áirítear tionscadal taighde Walsh Fellowship ar Shláinte Fheirmeoirí, agus measúnú leanúnach éifeachtacht an tionscnaimh. Bhí seimineár talmhaíochta feirme ar siúl ag an JPI i mí na Nollag chun tabhairt faoi cheisteanna sláinte na bhfeirmeoirí agus bainistíocht dhearfach ar strus.
- Mheall Comhdháil Uile-Oileán Sábháilteachta ar an bhFerim a reáchtáil an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhar le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann (HSENI), i Muineachán i Meitheamh, thart ar 200 toscaire ó thuaidh agus ó dheas.
- Reáchtáil an tÚdarás mórthaispeántais sábháilteachta ar an bhfeirm, trína Choiste Comhairleach Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC), ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCill Chainnigh, Seó Talmhaíochta Bheanntraí agus Farm Fest Teagasc 2008.

Bhí próifíl aoise íospartaigh na dtimpistí feirme marfacha i 2008 éagsúil ó bhlianta roimhe sin. Tháinig laghdú ar líon na n-íospartach scothaosta ó 50% san trí bliana roimhe sin go 24% i 2008. Tháinig méadú ar bhásanna san aoisghrúpa 17 go 65 (13 bás i 2008), mar a tháinig ar thimpistí marfacha a bhain le páistí (trí bhás i 2008). Tugadh aird ar leith ar shábháilteacht daoine scothaosta agus páistí ar fheirmeacha i 2008 le linn imeachtaí iniúchta agus cur chun cinn an Údaráis. Go sonrach:

- Scaipeamar leabhrán sábháilteachta, 'Stay Safe on the Farm with Jessy', ar gach bunscoil agus leabharlann, chun feasacht a spreagadh ar na rudaí ar fheirmeacha atá contúirteach do pháistí.
- Rinneamar forbairt agus nuashonrú ar threoir maidir le sábháilteacht páistí, sábháilteacht do dhaoine scothaosta agus úsáid shábháilte Feithiclí Uile-Tír-Raon (ATVs).
- D'eagraíomar comórtas mana do pháistí bunscoile ar shábháitleacht ar an bhfeirm i gceantair Chill Chainnigh, Chill Dara agus Cheatharlach.

Bhí an bhéim san earnáil Foraoiseachta i 2008 ar chomhlíonadh le sábháilteacht a chothabháil. Tugadh Cód Cleachtais leasaithe don earnáil chun críche le comhairliúchán leis an bpobal. Cé go raibh an comhlíonadh sábháilteachta san earnáil Foraoiseachta go maith, tharla trí bhás a bhain le leagan crann san earnáil Talmhaíochta.
Mar chuid den obair in earnáil na hIascaireachta rinneadh forbairt bhreise ar an gCód Cleachtais do shoithí iascaireachta níos lú ná 15 méadar le 3 duine nó níos lú sa chriú. Rachaidh comhairliúchán ar an gCód Cleachtais seo, mar aon le cleachtadh chun an cód a phíolótú le cabhair iascairí, ar aghaidh i 2009.

D'aontaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do chomhaontas le Bord Iascaigh Mhara (BIM) ar shábháilteacht iascaireachta mara.

# Beartas Mianach agus Cairéal

Tá imní fós ann san earnáil mianach agus cairéal faoi dhrochbhainistíocht ar shábháilteacht innealra, bainistíocht tráchta agus rialú úsáid na bpléascach.

Cé gur thuairiscigh an feachtas iniúchta san earnáil seo feabhsú tríd is tríd, tugadh faoi deara go raibh cásanna ag leibhéal sonrach don láithreán ar theip orthu tabhairt faoin tsábháilteachta agus sláinte, rud a chuir díomá orainn.



Go sonrach baineadh amach na rudaí seo a leanas:

- Síníodh na Rialacháin um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) ina ndlí i bhFeabhra agus dáta tosach feidhme ar an 1 Bealtaine 2008. I measc na ngníomhaíochtaí a thacaigh le tabhairt isteach na rialachán seo bhí seimineáir a reáchtáil an tÚdarás i gcomhar leis an Cónaidhm Coincréite na hÉireann (ICF) i gCill Chainnigh, Baile Átha Cliath Sligeach agus Corcaigh. D'fhoilsigh an tÚdarás treoir maidir leis na rialacháin um Chairéil i mBealtaine agus seoladh é ag ár gComhdháil ar Chairéil náisiúnta a bhí ar siúl in IT Bhaile Átha Luain, a mheall thart ar 240 toscaire.
- Reáchtáil an Coiste Stiúrtha Sábháilteachta i gCairéil (QSSC) roinnt cruinnithe ar siúl i rith na bliana agus ullmhaíodh dréacht-treoir ar shábháilteacht leictreachais do Chairéil le comhairliúchán tosaigh i 2009.
- Bhí an Comórtas Tarrthála Mianach bliantúil ar siúl i Mianaigh na Teamhrach, Co na Mí, agus foirne san iomaíocht ó gach mianach gníomhach in Éirinn i dteannta le roinnt foirne ar cuairt ón UK.
- Comhoibríomar le FÁS ar fhobairt na Scéime nua um Dheimhniú Scileanna Cairéal (QSCS).
- Ag leibhéal na hEorpa, d'fhreastail an tÚdarás ar cheathrú cruinniú dhéag Cheannairí na Sábháilteachta sa tSlóivéin agus chuir siad páipéar i láthair ar chórais oiliúna.

# Beartas Foirgníochta

I 2008, lean an earnáil foirgníochta ar aghaidh de thús áite a fháil, agus dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthar ábhair thacaíochta chun cabhrú le fostóirí, lena n-áirítear cóid cleachtais, eolais treorach, seimineáir agus foláirimh shábháilteachta. Rinnneadh obair shuntasach chomh maith i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Tógála (CSP); an Coiste Comhairleach Foirgníochta (CAC), (a thuairiscíonn chuig an mBord); an Grúpa Tionscail Foirgníochta (CIG), (a thuairiscíonn chuig Bord FÁS); agus Bord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMSB), a dhéanann ionadaíocht d'Údaráis Áitiúla agus don ESB.

Foilsíodh na Cóid Chleachtais seo a leanas le linn 2008:

- Cód Cleachtais do chonraitheoirí a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú acu.
- Cód Cleachtas ar rochtain agus obair ar scafaill
- Cód Cleachtais do chontúirt ó línte leictreachais lastuas a sheachaint (Cód ESB arna fhorbairt i i gcomhairle le agus faofa ag an Údarás).
- Dréachtaíodh an Cód Cleachtais ar dhearadh agus suiteáil boltaí ancaire i gcoincréit.

Foilsíodh treoir agus eolas ar na hábhair seo a leanas chomh maith:

- An cliant i bhfoirgníocht: treoir dea-chleachtais
- Ag obair ar bhóithre
- Úsáid innealra shoghluaiste ar láithreáin tógála.
- Stroighniú go sábháilte– ag obair le stroighin.

Bhí dhá leasú ann ar an Rialacháin Foirgníochta 2006 (IR 504 of 2006):

- I.R. 130 of 2008 a tháinig i ngníomh an 2 Bealtaine 2008. Chuir an leasú seo an dáta tosach feidhme siar do cheithre Scéim Deimhnithe Scileanna (CSCS) nua: scafaill túir shoghluaiste; comharthaíocht, soilsiú agus gardáil ar bhóithre; aimsiú seirbhísí faoin talamh agus séideadh pléascáin.
- I.R. 423 de 2008, a shínigh an tAire Kelleher an 30 Deireadh Fómhair 2008. Is leasú é ar Rialachán 97 de Rialacháin 2006. Tá sé i gceist aige an Rialachán a dhéanamh níos réadúla. Déanann sé amhlaidh trí na forálacha a shóiléiriú lena chinntiú go bhfuil gardáil agus soilsiú sásúil ar fáil maidir le hoibreacha bóthair tógála agus go gcuirfear comharthaí tráchta síos agus go gcoinneofar iad agus nuair is gá iad a oibriú mar a éilítear go réasúnach, le daoine a threorú agus agus a stiúrú go sábháilte, agus aird acu, go háirithe, ar na riachtanais a bhíonn ag daoine a bhfuil míchumas orthu.

Lean an tÚdarás le páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Tógála (CSP). Seoladh plean trí bliana (2008 go 2010) agus cheana féin tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin maidir le tabhairt faoi ábhair imní sábháilteachta agus sláinte atá fós ann in ainneoin an choir chun donais i ngníomhaíocht san earnáil seo.

I gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla, foilsíodh Plean Córais Oibre Sábháilte (SSWP) – Ag Obair ar Bhóithre. Táirgeadh leagan nuashonraithe de DVD oiliúna SSWP le caibidlí nua a phléann Obair ar Bhóithre agus cur i bhfeidhm an Chóid Chleachtais do Chonraitheoirí a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú acu. Thosaigh obair ar an bhforbairt bhreise ar an SSWP d'Obair Chothabhála Tithe, Bainistíocht Dramhaíola (Athchúrsáil Bruscair Líonta Talún) agus Oibreacha Comhshaoil agus Páirceanna.

Leanann an tÚdarás ag obair le, agus ag tacú leis na hÚdaráis Áitiúla ar raon tionscnamh, lena n-áirítear:

- Forbairt agus cur i bhfeidhm Pleananna um Chóras Sábháilte ag an Obair a bhaineann le hionaid oibre Údarás Áitiúil.
- Comhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla agus le FÁS i bhforbairt na gclár Comharthaíochta, Gardála agus Soilsithe agus Sláinte agus Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair CSCS.
- Obair le Boird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB), mar chuid den Phlean Comhpháirtíochta Sábháilteachta Tógála chun nósanna imeachta soláthair a chur i bhfeidhm a spreagann feidhmíocht sábháilteachta agus sláinte, go háirithe ó thaobh tionscadail foigníochta níos lú.

Leanann an tÚdarás de bheith ag cur le hobair FÁS chomh maith tríd an nGrúpa Tionscail Foirgníochta (CIG) ar CSCS agus Pas Sábháilte.

Chomh maith leis seo bhí comhoibriú ann le HSE NI chun díriú ar shábháilteacht foirgníochta. Reáchtáladh dhá chruinniú fhoirmiúla leis an nGrúpa Foirgníochta de HSE NI agus reáchtáladh comhsheimineár foirgníochta i nDoire i nDeireadh Fómhair. Dhírigh an seimineár ar cheisteanna foirgníochta coiteanna lena n-áirítear oiliúint, scafall, úsáid shábháilte gléasra agus caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú i measc conraitheoirí beaga.

Leanann an Coiste Comhairleach Foirgníochta (CAC) le cruinnithe gach ráithe chun obair an Údaráis a athbhreithniú agus a phlé maidir le riachtanais reatha an tionscail. Cuireadh tús le hobair fochoiste ar oideachas tríú leibhéal i 2008 (féach anránnán ar an gClár Oideachais sa tuarascáil seo).



## Beartas Iompair agus Stórála

Tháinig méadú suntasach ar theagmhais a bhain le feithiclí thar gach earnáil le blianta beaga anuas agus is léir go gcuireann siadsan, níos mó ná aon teagmhas eile, le básanna a bhaineann leis an obair. D'fhorbair an tÚdarás cur chuige tras-earnála (tiomáint le linn obair) agus cur chuige sainearnála (an earnáil iompair) chun feabhsuithe a chur ar chaighdeáin sábháilteachta feithiclí san ionaid oibre.

I 2008, d'fhoilsigh an tÚdarás Bileoga Eolais ar:

- Bainistíocht Sábháilteachta Iompair san Ionad Oibre
- Sábháilteacht Iompair san Áit Oibre – Tiománaí Sábháilte
- Sábháilteacht Iompair san Áit Oibre – Feithicil Shábháilte
- Sábháilteacht Iompair san Áit Oibre – Feithicil Shábháilte
- Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre - Seicliosta

Chomhoibrigh an tÚdarás leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar Threoir agus Seicliosta Tiomána don Obair in éineacht le DVD a fhorbairt atá dírithe ar fhostóirí agus foilseofar i 2009 é.

Bhí seimineáir ar siúl againn ar fud na tíre ar Shábháilteacht Iompair san Ionad Oibre chun feasacht a spreagadh ar an riosca a bhaineann le hiompar feithiclí (seachas foirgníocht, mianaigh agus cairéil)

Tá tús curtha le plean cúig bliana a fhorbairt don earnáil. Leagfaidh sé sin cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Údaráis maidir le sábháilteacht iompair amach agus foiseofar i 2009 iad.

# Iompar Earraí Contúirteacha agus Brú-Threalaimh Iniompair

Chomhlíon an tÚdarás a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil maidir leis an gCreat-Treoir ADR, Seiceálacha ADR, Comhairleoirí Sábháilteachta agus an Treoir maidir le Brú-Thealamh Iniompair (TPED).

D'fhorbair an tÚdarás dréacht-tograí reachtacha do chur i bhfeidhm Chomhaontas ADR 2009, lena n-áirítear tiománaithe earraí contúirteacha agus comhairleoirí sábháilteachta a scrúdú.

Chabhraigh an tÚdarás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus na Rialacháin gaolmhara.

Ag leibhéal na hEorpa, rinne an tÚdarás ionadaíocht do leasanna náisiúnta na hÉireann ag dhá Choiste um Iompar Earraí Contúirteacha an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann le feidhmeanna Údarás Inniúil do ADR agus TPED.

Lean an tÚdarás air ag bainistú na Scéime Scrúdaithe Tiománaithe ADR (scrúdú déanta ar 1621 tiománaí), agus Scéim na gComhairleoirí Earraí Contúirteacha i 2008 (scúdú déanta ar 151 iarrthóir) faoin Scéim um Chomhairleoirí Earraí Contúirteacha (DGSA) do Scrúdú Bóithre). Rinneadh dhá Iniúchadh Oiliúnóirí Fhaofa ar phéire de na cúig sholáthraí oiliúnóirí fhaofa reatha le linn 2008.



# Gníomhaíochtaí Beartais agus Teicniúla Eile

Rinne Aonaid Bheartais agus Teicniúla na Rannóg na Seirbhísí Coisc dul chun cinn maidir le raon leathan earnálacha agus guaiseanna. Tá roinnt de na príomhthorthaí sa liosta thíos:

- Forbairt ar threoir dóibh siúd a bhfuil baint acu le dromchlaí agus clúdaigh urláir a shainiú chun tabhairt faoi na guaiseanna sleamhnaithe, tuislithe agus titime atá fós ina chúis le céatadán ard de na gortuithe a bhíonn tuairiscithe san ionad oibre.
- Cabhair tugtha ó thaobh rialacháin a dhréachtú chun an Treoir Innealra [2006/42/CE] a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh le hobair Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar chaighdeáin náisiúnta do chraenacha, lena n-áirítear craenacha féintógála lena n-áirítear craenacha féintógála agus fearas ardaithe a thástáil agus a iniúchadh.
- D'ullmhaíomar "Treoir maidir le Torann sa Tionscal Siamsaíochta" atá le foilsiú go luath i 2009.

- Dréacht-tograí reachtacha a bhaineann le hiniúchadh inseirbhíse ar chórais bhrú in ionaid oibre mar leasú ar na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 2007.
- Síníodh Meabhrán Tuisceana leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, a chlúdaíonn comhoibriú idir an dá eagraíocht i réimse . na sábháilteachta gáis.
- Cuireadh le hobair Choiste Teicniúil um Chaighdeáin Gáis an NSAI ar leasú rialachán a bhaineann le bulcstóráil gás peitriliam leachtaithe (LPG).
- Dréachtaíodh tograí reachtacha agus forbraíodh Cóid Chleachtais ghaolmhara don tionscal tumadóireachta. Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl i 2008 ag féachaint chuig forbairt bhreise i 2009.
- Foilsíodh Toolkit a ionchorpraíonn seicliostaí chun cabhrú le gnóthaí beaga na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 2007 a chomhlíonadh.
- Cuireadh le treoir ón Vintners Federation of Ireland, Licensed Vintners Association, Restaurant Association of Ireland agus Cónaidhm na nÓstán Éireannach.

# Clár Oideachais

Bhí torthaí móra ar an gcur chuige ilsraithe a ghlac an tAonad Straitéise Oideachais i 2008. Tá obair ag dul ar aghaidh chun tús áite a thabhairt d'oideachas riosca i measc oibrithe agus bainisteoirí na todhchaí laistigh den chóras oideachais, agus chun feasacht ar shábháilteacht a spreagadh i measc na ndaoine siúd atá ag obair san earnáil oideachais.
Go sonrach baineadh na rudaí seo a leanas amach i 2008:

- Chuir an tÚdarás a chóras bainistíochta sábhailteachta agus sláinte i bhfeidhm d'iar-bhunscoileanna ar bhonn trialach i seacht scoil.
- Rinne an tÚdarás príomh-mholtaí Thuarascáil na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCAA) "Mapping health and Safety n the Curriculum", a bhí dírithe ar shláinte agus sábháilteacht a phríomhshruthú sa churaclam náisiúnta ag leibhéil na mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a chur i gcrích. Aírítear ar na hathbhreithnithe agus aighneachtaí chuig an NCAA a tugadh chun críche: Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh (Siollabas an Teastais Shóisearaigh), Eacnamaíocht Bhaile (Siollabas an Teastais Shóisearaigh), Eolaíocht Talmhaíochta (Siollabas na Sraithe Sinsearaí) agus obair forbartha ar Aonad Trasdula
(Sraith Shinsearach).
- Ieag an tÚdarás a chlár amach, i gcomhar le fochoiste an Choiste Comhairligh Foirgníochta, chun feasacht a spreagadh ar oideachas riosca i gcúrsaí a bhaineann le foirgníocht i measc baill foirne acadúla ríthábhachtacha.
- Thosaigh an dara bliain de chlár 'Choose Safety' an Údaráis do dhaltaí iar-bhunscoile sa tsraith shinsearach. Faoi dheireadh 2008 bhí os cionn 7,500 dalta i 265 grúpa ranga tar éis páirt a ghlacadh sa chlár, a spreagann tuiscint ar shábháilteacht agus sláinte ag an obair. Tá measúnuithe an-dearfacha le múinteoirí agus le daltaí tar éis a bheith taifeadta don tionscnamh seo.
- D'fhoilsigh an tÚdarás Treoir Ghearr do Mhúinteoirí maidir le Daltaí a Chur ar Thaithí Oibre.
- Rinne an tÚdarás staidéar cáis don acmhainn 'Spirit of Enterprise' atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí fiontar agus gnó. Bíonn an acmhainn sin á soláthar do gach iar-bhunscoil sa stát. Ullmhaíodh cás staidéir eile ar shábháilteacht sa tsaotharlann don pacáiste acmhainne 'Science and Technology in Action'. Tá sé seo dírithe ar mhúinteoirí Eolaíochta in iarbhunscoileanna.
- Cheap agus sholáthair an tÚdarás clár oiliúna píolótach do mhúinteoirí agus príomhoidí a mbíonn baint acu le sábháilteacht agus sláinte a bhainistiú i scoileanna. Go dtí seo soláthraíodh cúrsaí do 250 múinteoir a bheag nó a mhór i 12 Ionad Oideachais. Tá baint ag an Údarás le trí bliana anuas leis an gclár 'Junior Achievement'. Beidh baint ag 30,000 dalta idir 0-18 mbliana d'aois ó scoileanna ar fud na hÉireann a ghlac páirt in oiliúint sláinte agus sábháilteacht trí mhodúil struchtúrtha, tríd an gclár "Our Nation" (bunscoile) agus an clár "Our Company" (iarbhunscoile).
- I gcomhpháirtíocht le ESB Networks, chomhordaigh an tÚdarás clár tionscnaimh i nDún na nGall i mBealtaine na bliana seo, dar teideal 'Keep Safe' Thug an dá ócáid 12 ghníomhaireacht stáit le chéile, mar aon le páistí bunscoile ó 8 scoil chuig ionaid lárnacha sa phobal le haghaidh maidin cásanna idirghníomhacha ar mhaithe le sábháilteacht a chur chun cinn sa scoil sa bhaile, sa phobal agus san ionad oibre.

Tosaíodh ar dhá thionscnamh speisialta i 2008:

- Tionscadal Ríomhfhoghlama: Tá obair ag dul ar aghaidh chun earraí teagaisc ríomhfhoghlama sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt saor in aisce do roinnt spriocghrúpaí san earnáil oideachais.
- Cluichí Bogearraí Oideachais a Fhorbairt. Tá obair ag dul ar aghaidh chun cluiche ríomhaire a fhorbairt a bheidh bunaithe ar shraith cásanna san ionad oibre. Tá an tionscnamh seo dírithe ar an aoisghrúpa 15-18 mbliana, go háirithe orthu siúd atá ag ullmhú do thaithí oibre don chéad uair.

# Clár Sláinte Ceirde

Bliain an-rathúil ar fad a bhí ann i 2008 don Aonad Sláinte Ceirde. Tá iarracht ar leith déanta chun feasacht ghinearálta a spreagadh ar thábhacht na sláinte i dteannta le tábhacht na sábháilteachta, agus spreag mórán tionscanamh ar leith fostóirí páirt a ghlacadh agus tabhairt faoi chosaint shláinte na n-oibrithe ó ghuaiseanna reatha agus guaiseanna atá ag teacht chun cinn.

Go sonrach i 2008:

- TD'fhoilsigh an tÚdarás an Straitéis Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre . Bhí an straitéis comhordaithe ag an Údarás agus ionchorpraíonn sé tuairimí príomhleasanna sa réimse sláinte ceirde ag leibhéal náisiúnta.
- Thug an tÚdarás córas náisiúnta nua isteach do garchabhrach ceirde a bhainistiú, teagascóirí agus garchabhróirí a oiliúint agus a chreidiúnú agus soláthraithe agus teagascóirí a chlárú. Cabhróidh an córas sin le caighdeáin agus cáilíochtaí níos fearr a bheith sa réimse seo.
- Rinneadh obair thaighde agus ullmhúcháin chun roghanna a scagadh don Údarás maidir le meiscigh san ionad oibre. Bunaíodh plean tionscadail chun treoir a thabhairt isteach ar bhainistiú agus tástáil meisceach. Cuireadh treoir agus oiliúint do chigirí i bhfeidhm ar cheisteanna sláinte ceirde a raibh inniúlacht níos fearr mar thoradh orthu maidir le comhlíontacht a bhainistiú ag leibhéal an ionaid oibre. Cuireadh cúig sheiminéar a raibh tinreamh maith acu i láthair ar mheasúnú riosca struis a bhaineann le hobair agus comhlánaíodh céad chéim den Tionscadal cosc ar Strus 'Work Positive' thar chúig earnáil gheilleagracha. Chuir an tAonad le tionscadal taighde mórscála a rinne scagadh ar na difríochtaí idir oibrithe Éireannacha agus oibrithe nach Éireannaigh iad sa tionscal foirgníochta.

Rinne an tAonad dul chun cinn maith sa réimse láimhsithe. Áirítear ar na héachtaí:

- Dhá chaighdeán láimhsithe a fhorbairt agus a chur isteach do FETAC chun iad a fhaomhadh (láimhsiú láimhsiú othar).
- Tosaíodh ar thaighde ar láimhsiú i bhfoirgníocht agus tá sé le bheith críochnaithe agus foilsithe i 2009.
- Forbraíodh ocht gcás staidéir sa bhreis ar láimhsiú agus foilsíodh iad chun treoir a thabhairt ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.
- Foilsíodh dhá bhróisiúr ar láimhsiú sna hearnálacha miondíola (Lighten the Load for the Retail Sector) agus foirgníochta (Lighten the Load for the Construction Sector).

Rinneadh obair ar threoir, a thug faoi raon buncheisteanna sláinte ceirde le linn na bliana:

- Ullmhaíodh treoir maidir le bainistíocht sábháilteachta agus sláinte do dhaoine a bhfuil míchumas orthu lena foilsiú go luath i 2009.
- Rinneadh na Treoirlínte maidir le Asma Ceirde a leasú agus a fhoilsiú.
- Dréachtaíodh an treoir maidr le deirmitíteas leasaithe.

Tugadh cur i láthair ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta inar chuir an tÚdarás bainistíocht sláinte ceirde agus an Straitéis Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre nua chun cinn.

# Clár um Chumarsáid agus Teagmháil le Custaiméirí

Príomhchuspóir an chláir um chumarsáid agus teagmháil le custaiméirí i 2008 ba ea feasacht agus tuiscint a spreagadh ar phríomhtheachtaireachtaí agus príomhthionscnaimh sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus teacht níos éasca a bheith ag fostóirí agus daoine eile ar fhaisnéis.

Áirítear ar na gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chumarsáide tábhachtacha:

- Mórchomhdháil náisiúnta don phobal ionadaíochta sábháilteachta. ar fhreastail beagnach 300 toscaire air.
- Thart ar 40 foilseachán nua, lena n-áirítear cóid chleachtais nua, foilseacháin treoirlínte agus foilseacháin sábháilteachta ghinearálta a cheapadh, táirgeadh agus scaipeadh.
- Banistíodh roinnt seoltaí tábhachtacha, lena n-áirítear seoladh eochairfhoilseachán de leithéid Plean Gníomhaíochta na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSP), Plean Gníomhaíochta na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Tógála (CSP) agus Tuarascáil Bhliantúil agus Staitisticí an Údaráis Achoimre.
- Feachtais fógraíochta, lena n-áirítear REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) agus sábháilteacht ar an bhfeirm.
- Raon imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta agus eimineáir ar ábhair éagsúla lena n-áirtear sláinte san onad oibre, iompar san ionad oibre, sábháilteacht cairéal agus sábháilteacht ar an bhfeirm. Chabhraigh an tAonad Cumarsáide linn bheith i láthair ag mórimeachtaí náisiúnta de leithéid, Taispeántas na nEolaithe Óga agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Bainistíocht ar an suíomh Gréasáin chorparáideach, a raibh os cionn 2.5 milliún radharc leathanaigh ar an iomlán aige ó 225,000 cuairteoir ar leith agus os cionn 380,000 foiseachán an Údaráis íoslódáilte.
- Líonra Pointí Fócais an AE a chomhordú, ar chuir raibh raon gníomhaíochtaí le linn Sheachtain Sábháilteachta an AE críoch leis.
- 25 preaseisiúint ina raibh eochairtheachtaireachtaí sábháilteachta agus sláinte chun feasacht agus bearta a spreagadh.

Phléigh Aonad Teagmhála Ionad Oibre (WCU) an Údaráis líon mór teagmhálacha ón bpobal i 2008. Áirítear ar na príomhstaitisticí:

- Thóg an t-aonad beagnach 32,000 glaoch. Ina measc bhí tuairiscí ar thimpistí tromchúiseacha, iarratais ar eolas agus gearáin a rinneadh maidir le gníomhaíocht san ionad oibre.
- Bhí an ráta "glaoch críochta" níos lú ná 3%.
- Próiseáladh thart ar 8,000 foirm thuairisce ar Theagmhais.
- Coinníodh caighdeán Chumann Teagmhála na gCustaiméirí (CCA) tar éis don British Standards Institute (BSI) iniúchadh foirmiúil ar an aonad a dhéanamh.

Le linn 2008, leanadh de thaighde ar shásamh custaiméirí agus gníomhaireacht taighde margaidh neamhspleách á húsáid. Áirítear ar na príomhthorthaí:

- Mheas 91% de na custaiméirí gur freagraíodh a nglaoch chomh tapa nó níos tapa ná mar a bhí siad ag súil leis.
- Mheas 73% de na custaiméirí go ndearna ball foirne an Aonaid gach rud a d'fhéadfaidís chun cabhair a thabhairt.
- Bhí 81% de na custaiméirí sásta don chuid is mó nó sásta go hiomlán le gairmiúlacht fhoriomlán na foirne.



# Caibidil 3: Gníomhaíochtaí Beartais agus Seirbhísí Ceimiceán

Gníomhaíonn an Rannóg um Beartas agus Seirbhísí Ceimiceáin mar an Údarás Inniúil (CA) náisiúnta nó ceannasaí riaracháin do raon reachtaíocht ceimiceán Eorpach agus náisiúnta ar shláinte, sábháilteacht agus an comhshaol: Rialachán REACH; Rialachán Glantach, Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú; Treoir maidir le Margú agus Úsáid; Rialachán um Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach mar aon le haispeist; carcanaigin; oibreáin cheimiceacha agus oibreáin bhitheolaíocha.

I 2008, chomhlíon an Rannóg an fheidhm seo ar thrí slí:

- Chomhlíon sí róil CA agus riaracháin.
- Forbraíodh tograí, treoirlínte agus treoir reachtaíochta chun tacú leis an gclár beartas agus reachtaíochta ceimiceán.
- Tugadh eolas, spreagadh feasacht agus rinneadh monatóireacht ar threochtaí chun tacú lenár gcustaiméirí go léir

Seo a leanas príomhthorthaí agus príomhéachtaí do gach ceann de na trí réimse seo i 2008:

## Críoch le Ról an Údaráis Inniúil

I 2008, chuir an tÚdarás críoch lena ról CA ar Fhógra Substaintí Nua (NONS) agus Rialú Substaintí Reatha (ESR) ar an 31 Bealtaine. Mar sin féin, ní raibh sé i gceist áfach go mbeadh deireadh leis an réimse oibre agus raon gníomhaíochtaí aistrithe agus trasdultacha ann le bheith críochnaithe faoin 1 Nollaig.

Maidir le NONS, bhí méadú suntasach sa Rannóg ar líon na gcomhad a bhí measúnaithe agus próiseáilte sa chéad chúig mhí den bhliain i gcomparáid le figiúirí ó 2007 – 22 fógra i 2008 i gcomparáid le 17 gcinn don 12 mhí de 2007. Ina theannta sin, phróiseálamar 10 síneadh PORD/PORD agus 26 togra tástála Leibhéal 1 mar aon le 42 nuashonrú comhaid (lena n-áirítear 9 nuashonrú leibhéal 1). Ba ionann na figiúirí iomlána ó Éirinn agus 3.8% de na comhaid Eorpacha go léir i 2008. San dara leath de 2008, bhainistigh an rannóg aistriú gach comhad fógra a fuair an tÚdarás ó 1993 i leith lena chinntiú go raibh gach duine in Éirinn a thug fógra maidir le substaintí roimhe sin cáilithe faoi fhorálacha an Rialacháin REACH. Bhí foireann ón Rannóg ag plé go gníomhach lucht fógartha na hÉireann, ag nuashonrú thart ar 250 comhad, ag freagairt ceisteanna, ag deimhniú go bhfuil lucht fógartha feasach ar na nósanna imeachta i gcomhair uimhreacha cláraithe a éileamh agus cur i láthar a dhéanamh ag comhdháil lucht fógartha na hEorpa, a reáchtáladh in Aibreán 2008 in Éirinn.

Agus a ról CA Substaintí Reatha (Rialachán 793/93) á chomhlánú, chuir an Rannóg críoch chomh maith leis na 3 thuarascáil mheasúnaithe ar riosca sláinte an duine do na 3 shubstaint – TCPP, TDCP, agus V6 faoin 31 Bealtaine. Bhí an rath orainn chomh maith agus na comhaid Iarscríbhinn XV á gcomhlánú do a) tograí rangaithe agus lipéadaithe do na 3 shubstaint agus b) rioscaí a shrianadh do phéire de na substaintí (TDCP agus TCPP) roimh dheireadh na socruithe aistrithe faoi REACH ar an 1 Nollaig. Chuaigh an-obair isteach sna hiarrachtaí seo; go háirithe comhairliúchán le páirtithe leasmhara an tionscail chun tabhairt faoi na comhaid dheireanacha.

D'imir an tÚdarás agus a fhoireann ról tábhachtach d'Éirinn agus do thionscadal na hÉireann thar na 15 bliana déag atá thart maidir le NONS agus ESR agus cé go bhfuil deireadh lenár ról mar CA, beidh páirt á glacadh fós againn i 2009 agus ina dhiaidh de réir mar a thiocfaidh an dá eilimint seo faoi réimse REACH.

## Róil Údaráis Inniúil Reatha agus Nua

Lean an tÚdarás de ról gníomhach a imirt in idirbheartaíochtaí agus forbairtí an AE maidir le tograí chun an Treoir maidir le Margú agus Úsáid a leasú i 2008. I measc na leasuithe a bhí aontaithe ag Comhairle an AE bhí srianta do shé shubstaint (DEGME, DEGBE, Níotráit Amóiniam, MDI, cioglaiheacsán agus déchlóraimeatán). Ina theannta sin, cuireadh le cinntí chun roinnt comhdhúilí orgánastánacha (orgánastán) a shrianadh, mar aon le srianta reatha ar olaí lampa agus lastóirí gríoscáin a leasú. Agus an tÚdarás ag cur leis na díospóireachtaí agus idirbheartaíochtaí go léir, d'oibrigh sé leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) agus páirtithe leasmhara tionscail a bhfuil leasanna ar leith acu sna substaintí.

Agus é ag gníomhú mar an Údarás Náisiúnta Sainithe don Rialachán um Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach (CE 689/2008) do chemiceáin thionsclaíocha, thug an tÚdarás nósanna imeachta agus socruithe oibrithe isteach le CA Éireannacha eile chun ár ról a chomhlíonadh. Mar aon lenár gcomhghleacaithe Eorpacha, chabhraíomar leis an gcáipéis treorach chomhfhreagrach a fhorbairt don rialachán nua.

Maidir le ról riaracháin na Rannóige i ndáil le haispeist, carcanaigin agus oibreáin cheimiceacha, agus rinneamar athbhreithniú agus chuireamar leis an triú liosta Eorpach de na Luachanna Teorann Táscacha um Nochtadh Ceirde molta, a bhí á bplé ag an gCoiste Comhairliúcháin Eorpach ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair. Thosaíomar chomh maith ar an athbhreithniú ar an nuashonrú ar Chód Cleachtais 2007 i gcomhair na Rialachán um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceáin) 2001 (I.R. Uimh. 619 de 2001) atá le críochnú i 2009.

I 2008, chuir an Rannóg críoch lena straitéis chur i bhfeidhm trí bliana do REACH ar an dáta sceidealta an 1 Meitheamh nuair a tháinig rialachán REACH i ngníomh agus nuair a ghlac an tÚdarás lena fheidhmeanna CA. Comhlíonadh agus baineadh amach cuspóirí na straitéise go léir – ullmhúcháin inmheánacha an Údaráis (foireann in situ agus oilte, agus nósanna imeachta gaolmhara bunaithe); tacaíocht agus feasacht páirtithe leasmhara agus iarrachtaí trípháirteacha le CA REACH na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann.

Agus í ar thús cadhnaíochta mar CA REACH in Éirinn, ghlac an rannóg freagracht as páirt a ghlacadh agus cabhrú le coistí agus grúpaí oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt d'oibriú agus do chur i bhfeidhm rathúil REACH. Ainmníodh baill foirne an Údaráis mar ionadaithe Éireannacha ar Choiste na Ballstát (MSC); an Coiste Measúnaithe ar Riosca (RAC), an Coiste Anailíse Socheacnamaíoch (SEAC) agus an Fóram Forfheidhmithe i 2007, agus ghlac na daoine sin go léir páirt iomlán agus ghníomhach sna grúpaí seo i 2008. Mar bhaill de na coistí sin, i measc a gcuid tascanna bhí:

- Bheith ina bhall den ghrúpa dréachtaithe maidir le substaintí a chur san áireamh in Iarscríbhinn XIV (MSC).
- Gníomhú mar rapporteur do shubstaint amháin i gcomhair aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe (RAC)
- Bheith ina bhall den ghrúpa dréachtaithe maidir le tuarascáil forfheidhmithe REACH (Fóram) a fhorbairt.

Ghlacamar páirt ghníomhach chomh maith i ngrúpaí oibre ECHA eile cosúil le REHCORN (L''íonra Comhfhreagraithe Deasc Chabhrach REACH) agus an Líonra Cumarsáide Riosca. Anuas ar an obair a rinne baill ar leith de na coistí seo, chuir an Rannóg, agus í ina CA do REACH, le díospóireachtaí chomh maith a thagann ó na grúpaí seo.

Bhí an tÚdarás gníomhach chomh maith i Líonra na nOifigeach Sábháilteachta a bhí freagrach as tabhairt isteach chóras REACH-IT chuig na Ballstáit. Ar an drochuair, de bharr athtosaíochtú an ECHA ar REACH-IT, ní raibh an tÚdarás in ann an córas a thabhairt isteach é féin. Ach, lean an fhoireann ar aghaidh súil a choinneáil ar fhorbairtí agus chuaigh siad i dtaithí leis an gcóras tríd an gcomhairle is gá agus tacaíocht IT a sholáthar do thionscal trí dheasc chabhrach REACH.

Ag leibhéal na hEorpa, ghlac an Rannóg páirt sna díospóireachtaí go léir arna reáchtáil ag CAanna REACH, lena n-áirítear foghrúpaí a bunaíodh le plé le hathbhreithniú ar Iarscríbhinn REACH agus nanaitheicneolaíocht. Agus í ar thús cadhnaíochta mar CA REACH in Éirinn, sholáthair an Rannóg ionchuir teicniúil agus eolaíoch sna hathbhreithnithe ar Iarscríbhinní a bhí ar siúl i 2008 (Iarscríbhinn I, IV, V, XI, XIII agus XVII) agus ag an am céanna chinntigh sí go raibh comhairliúchán ar siúl go rialta agus gur tugadh nuashonraithe do pháirtithe leasmhara Éireannacha.

Lean iarrachtaí trípháirteacha le REACH-CA na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann, atá bunaithe san Fheidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta, ar aghaidh i 2008 trí chruinnithe agus comhoibriú. Mar shampla, thug foireann na rannóige cur i láthair ag imeacht REACH a d'eagraigh HSE NI le linn na bliana.



## Forbairt Reachtaíochta Náisiúnta agus de chuid na nEorpa

I dteannta leis na réimsí forbartha reachtaíocha atá luaite thuas, chabhraigh an Rannóg le roinnt míreanna reachtaíochta eile a thabhairt isteach ag leibhéal náisiúnta agus an AE.

Ag an leibhéal náisiúnta, thug an Rannóg i gcomhar le DETE an tAcht Ceimiceán 2008 (I.R. Uimh. 13) isteach, a shainaithníonn an tÚdarás mar Údarás Inniúil do REACH, mar aon le foráil a dhéanamh do rialacháin REACH a chur i bhfeidhm go náisiúnta. I dteannta le REACH, sainaithníonn an tAcht seo an tÚdarás mar Údarás Inniúil don Rialachán Glantach agus Rialachán Rialachán um Onnmhairiú agus Allmhairiú cheimiceán tionsclaíoch. Mar thoradh ar an Acht seo, ghlac an tÚdarás le freagracht nua do Rialú Glantaigh. Shainigh an Acht chomh maith an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Roinn Talmhaíochta (Seirbhís um Rialú Lotnaidicíde) mar Údaráis Inniúla REACH do chosaint chomhshaoil agus lotnaidicídí faoi seach. Thosaigh an Rannóg pléite leis an dá eagraíocht i 2008 ag féachaint chuig Meabhráin Tuisceana a thabhairt isteach do REACH a oibriú agus a chur i bhfeidhm in Éirinn amach anseo.

Ag leibhéal na hEorpa, ceann de na tionchair is tábhachtaí a bhí ag an Rannóg ná sna hidirbheartaíochtaí AE ar an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) nua, a thug an Córas Comhchuibhithe Domhanda (GHS) d'Aicmiú agus Lipéadú isteach san Eoraip. I gcomhar leis an DETE, thug foireann na Rannóige comhairle theicniúil agus eolaíoch i rith na n-idirbheartaíochtaí i 2007 agus 2008 a raibh an toradh air gur comhaontaíodh an Rialachán ag an gcéad léamh agus foilsíodh i mí na Nollag é.


Ghlac an rannóg, i gcomhar le DETE, páirt i roinnt imeachtaí coiste Airteagal 133 REACH chomh maith, ina ndearnadh vótáil ar roinnt leasuithe ar REACH mar aon le rialacháin ghaolmhara – Rialachán Modhanna Tástála, an Rialachán Táillí, an Leasú ar Iarscríbhinn IV agus V, agus an Bord Achomhairc. Thug an Rannóg tacaíocht don DETE trí athbhreithniú a dhéanamh ar impleachtaí reachtaíochta comhshaoil nua agus trí ionadaíocht a dhéanamh don Údarás ag athbhreithniú comhshaoil 2008 an OECD in Éirinn.

## Beartas agus Treoir a Fhorbairt

Lean an rannóg le straitéis an Údaráis ar úsáid shábháilte nanaicháithníní san ionad oibre a fhorbairt. Bhíodh grúpa oibre a bunaíodh faoin gCoiste um Chomhairliúchán Teicniúil agus Eolaíoch (TSAC) ina raibh baill de raon grúpaí leasmhara ag obair go dlúth leis an Údarás i 2008. Thug an rannóg comhairle chomh faoi beartas agus treoir ar nanai-ábhair a bhain le REACH a fhorbairt, trí pháirt a ghlacadh san Fhoghrúpa CA REACH a luadh thuas.

Chuir an Rannóg críoch lena páirt sna Tionscadail Cur i bhFeidhm REACH (RIPs) i 2008 le teacht i ngníomh REACH an 1 Meitheamh. Tá na cáipéisí treoracha a forbraíodh san obair tionscadail seo, a chuaigh ar aghaidh ar feadh roinnt blianta, ar fáil ar shuómh Gréasáin an ECHA. Cheana féin, rinneadh roinnt leasuithe agus athbhreithnithe ar an treoir agus chuir an rannóg leo agus í ina CA do REACH.

Maidir le treoir a fhorbairt faoin Rialachán CLP nua, bhí an Rannóg gníomhach anseo chomh maith agus foireann ag glacadh páirt i raon grúpaí ar an aidhm modúil agus treoir a éilíonn tionscal a fhorbairt don reachtaíocht nua. Táthar ag súil go bhfoilseofar an



treoir ghaolmhar do Riaalachán CLP agus go mbeidh sé ar fáil do gach duine faoi lár 2009.

D'ullmhaigh an Rannóg Straitéis Náisiunta Forfheidmithe REACH chomh maith in éineacht le comhghleacaithe sa Rannóg Chomhlíonta. Déanfar an straitéis, a thugann ceanglais faoin Acht Ceimiceán san áireamh mar aon le forbairtí san Fhóram, agus a chlár gníomhaíochtaí gaolmhar, a chur i bhfeidhm de réir a chéile i 2009.

Níor críochnaíodh treoirlínte do na rialacháin um oibreáin bhitheolaíocha i 2008. Ina áit, thosaigh an tÚdarás ar athbhreithniú inmheánach ar a gclár ar oibreáin bhitheolaíocha mar bheart tosaigh chun an tslí is fearr le tabhairt faoi riachtanais sa réimse seo a aimsiú.

## Tacaíocht agus feasacht Custaiméirí

I 2008 leanadh leis an ardleibhéal tacaíochta agus feasachta custaiméirí a chothaigh an Rannóg i 2007.

Maidir le REACH, sholáthair an Rannóg comhairle theicniúil agus forfheidhmithe shuntasach do 1400 custaiméir tríd a Deasc Chabhrach REACH. Bhí leibhéil ghníomhaíochta ag an deasc chabhrach an-ard ar fad i rith na tréimhse réamhchlárúcháin sé mhí ó 1 Meitheamh go tí 1 Nollaig, agus buaicphointe de 300 fiosrúchán bainte amach i mí na Samhna. Tugadh faoi na ceisteanna go léir agus tugadh freagra orthu laistigh dár am freagartha comhaontaithe de 14 lá. I dteannta na tacaíochta atá ar fáil tríd an deasc chabhrach, rinneadh nuashonrú agus athrú go leanúnach ar leathanaigh Gréasáin REACH (www.reachright.ie) chun páirtithe leasmhara Éireannacha a choimeád ar an eolas maidir leis na ceanglais a bhíonn ag síorathrú de réir mar a tháinig REACH i ngíomh. Tugadh isteach ríomhfheasachán REACH agus CLP i 2008 chun custaiméirí a choimeád ar an eolas, agus scaiptear ar thart ar 800 custaiméir faoi láthair é.

Chuir ár ndeasc chabhrach go gníomhach le Líonra Eorpach na nDeasc Cabhrach (REHCORN) le linn na bliana trí athbhreithniú agus cur le roinnt nuashonraithe ar Cheisteanna Coitianta ECHA agus tabhairt faoi cheisteanna atá curtha ag Ballstáit eile. Mar thoradh ar na ceisteanna a fuarthas ó chustaiméirí na hÉireann tríd an deasc chabhrach, tugadh isteach trí Cheist Choitianta ar leith atá foilsithe ag ECHA anois.

Tugadh faoi riachtanais chustaiméirí chomh maith tríd ár líonra Páirtithe Leasmhara REACH, a tháinig le chéile faoi dhó i 2008 agus a fuair mórán nuashonruithe ar fhorbairtí agus dul chun cinn REACH go minic i rith na bliana. I 2009, leathnófar an líonra seo chun an rialachán CLP nua a chur san áireamh.

Maidir le feasacht ar REACH a spreagadh, chuir an tÚdarás críoch le feachtas amháin sna meáin náisiúnta i mBealtaine 2008, mar aon le feachtas poist dhírigh amháin chuig 35,000 Fiontar Beag agus Meánmhéide Éireannach (SME). I rith na tréimhse réamhchlárúcháin, sheol an Rannóg trí mheabhrúchán dhifriúla chuig páirtithe leasmhara Éireannacha chun a ndualgais agus an spriocdháta a bhí ag teacht aníos a chur i gcuimhne dóibh.


In Aibreán, reáchtáil an tÚdarás dhá dhianseimineár REACH, agus seisiúin cheardlainne ina dhiaidh sin le cigirí ina raibh cuideachtaí in ann teacht agus a gceistenna ar leith féin a phlé. Bhí siadsan ar siúl i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath agus mealladh thart ar 150 rannpháirtí, lena n-áirítear ionadaithe ó na hearnálacha Cógaischeimiceacha, ICT agus SME.

Thug foireann na Rannóige cur i láthair ag roinnt mhaith imeachtaí REACH a bhí eagraithe ag comhlachtaí tionscail, gairmiúla agus acadúla: Mar shampla, IBEC, Institute of Occupational Safety and Health (IOSH), Cumann Shláinteachas Oibre na hÉireann (OHSI), Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF), Cónaidhm Coincréite na hÉireann, Pharmachemical Ireland, ICT Ireland, OÉ Mhaigh Nuad, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhdháil Náisiúnta an EPA, Plastics Ireland agus Ollscoil Luimnigh. Tugadh cur i láthair ar REACH ag imeachtaí comhdhála idirnáisiúnta chomh maith le linn 2008.

Anuas ar chomhairle agus tacaíocht shuntasach a thabhairt do chustaiméirí maidir le REACH, chuir an

tÚdarás le dara plean ceachta a fhorbairt sa Cheathrú Clár um Ghníomhaíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta do mheánscoileanna Thugamar cur i láthair chomh maith don OHSI ar an reachtaíocht agus na caighdeáin maidir le trealamh cosanta pearsanta (PPE) agus thugamar comhairle agus oiliúint do theicneoirí saotharlainne ollscoile faoi na rialacháin um Oibreáin Cheimiceacha, Carcanaigin agus Oibreáin Bhitheolaíocha. Thug an rannóg comhairle chomh maith maidir leis an Dréacht-Treoir Faireachas Cosanta Sláinte ar Ghalar na Léigiúnach sular eisíodh é le chomhairliúchán poiblí a bheith ann i 2008.

Thug an Rannóg faoi Shuirbhé ar Úsáid Ceimiceán i 2008. D'fhéach an suirbhé ar conas a rinne cuideachtaí SME i raon earnálacha bainistiú ar cheimiceán san ionad oibre agus conas a bunaíodh sonraí ar leibhéil feasachta REACH chomh maith. Bhí neart faisnéise sna torthaí, agus mórán cuideachtaí ann nach raibh aon chóras fardal ceimiceán acu nó nach raibh ach roinnt bheag córas fardal ceimiceán i bhfeidhm acu (bhí idir liosta ceimiceán úsáidte ar an láithreán agus liostaí níos casta le mionsonraí ar cheimiceáin, tonnáiste agus guaiseanna sna córais fardal sin) Thug 40% de chuideachtaí le fios go raibh said ar an eolas faoi REACH agus thart ar 78% de na freagróirí ag léiriú go bhfuair siad an t-eolas ó gníomhaíochtaí tosaíochta an Údaráis (na meáin, seimineáir, suíomhanna Gréasáin, etc). Níor thug ach 3% d'fhreagróirí le fios gur chuir comhlachas trádála ar an eolas iad. Úsáideadh torthaí ón suirbhé chun cabhrú le clár oibre na Rannóige do 2009 agus é stiúradh.



# Caibidil 4:
# Gníomhaíochtaí Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Corpadáideacha raon seirbhísí don Bhord agus don fhoireann a phléann le custaiméirí de chuid an Údaráis chun cabhrú leo feabhas a chur ar a modhanna oibre.

Áirítear ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil:

- Rialachas Corparáideach.
- Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Forbairt.
- Córais Faisnéise agus Chumarsáide.
- Airgeadas.
- Bainistíocht Saoráidí.
- Forbairt Reachtaíochta.
- Measúnú ar Thionchar Rialála.
- Staitisticí agus Taighde.

## Clár Acmhainní Daonna agus Oiliúna

I 2008, d'oibrigh Aonad Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne an Údaráis chun ár bhfoireann a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt. Theastaigh ón Aonad forbairt a dhéanamh go leanúnach agus na córais agus próisis á bhfeabhsú i gcomhlíonadh le dea-chleachtas agus luach ar airgead.

Áirítear ar éachtaí 2008:

- Forbairt straitéis Acmhainní Daonna nua do 2008 go 2009 i gcomhairliúchán leis an bhfoireann:
  - Cuireadh breis oibre ar an dréachtstraitéis Acmhainní Daonna ar ceal ar feitheamh ar chomhlánú an Athbhreithnithe . ar an Straitéis Chorparáideach. Leanfaidh an obair air seo ar aghaidh nuair a thabharfar straitéis chorparáideach nua an Údaráis chun críche.
- Bainistíocht ar an gclár earcaíochta foriomlán lena chinntiú go soláthrófar foireann inniúil:
  - Le linn 2008 d'earcaigh an tÚdarás 30 ball foirne chun raon folúntas a líonadh, lena n-áirítear an fhoireann do Chéim 2 de chlár REACH de réir amlínte tionscadail.
  - Chuir an tÚdarás tuarascáil Hay ar sholáthar foirne an Údaráis agus tuarascáil Claritas ar riachtanais soláthair foirne do REACH faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- Cabhrú leis an bpróiseas bainistíochta athruithe:
  - Bhí cumarsáid agus comhairliúchán leis an bhfoireann tríd ár gcomhairle chaidrimh thionsclaíoch agus ár bhfóram comhpháirtíochta táirgiúil agus éifeachtach le linn 2008.

- Forbairt leanúnach ar an bplean forfheidhmithe ar dhílárú:
  - Tar éis athbhreithniú ag an Rialtas, tá an clár díláraithe don Údarás curtha ar feitheamh, agus athbhreithniú le déanamh i 2011. Le linn 2008 bunaíodh an oifig eatramhach nua gCathair Chill Chainnigh a bhfuil leibhéal soláthair foirne de 33 duine aici.
- Bainistíocht ar sheirbhísí sláinte ceirde na foirne:
  - Soláthraíodh raon tionscnamh, lena n-áirítear cur chun cinn na sláinte agus clár cuimsitheach vacsaínithe dár gcigirí.

Maidir leis an gclár oilúna, áiríodh ar na gníomhaíochtaí:

- Bainistíocht ar an bpróiseas iarratais ar an Dámhachtain Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a athnuachan:
  - Bhain an tÚdarás amach an 'Caighdeán Ór' den Dámhachtain Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe. Rinneadh an t-iniúchadh i Meitheamh 2008.
- Cur i bhfeidhm na straitéise foghlama eagraíochta:
  - Baineadh amach garspriocanna um Straitéis Foghlama & Forbartha agus cuireadh gnéithe oiliúna an chórais HR i bhfeidhm agus tá siad ag feidhmiú go héifeachtach.
- Cláir oiliúna theicniúla agus forbartha a chur i bhfeidhm de réir a chéile:
  - Soláthraíodh an oiliúint theicniúil agus forbartha go léir mar chuid den Chlár Foghlama & Forbartha 2008. Soláthraíodh oiliúint theicniúil shuntasach do dhaoine aonair agus d'fhoirne agus soláthraíodh an Clár Forbartha Cigirí Nua go rathúil do gach cigire nua-earcaithe.
- Athbhreithniú ar fheidhmiú shamhail chomhtháite an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta:
  - Rinneadh athbhreithniú ar oibriú an PMDS laistigh den Údarás. Forbraíodh Treoirlínte chun cabhrú le bainisteoirí agus foireann maidir le cuspóirí cuí a leagan síos. Soláthraíodh oiliúint ar an gcóras PMDS comhtháite don fhoireann nua go léir agus don fhoireann a fuair ardú céime.
- Cabhair le hábhar/ cúrsaí oiliúna a fhorbairt d'fhoireann REACH:
  - is éard a bhí i gceist leis an oiliúint a tugadh ná cúrsaí inmheánacha agus seachtracha in éineacht, agus faisnéisiú ag saineolaithe ar ábhair inmheánacha.
- Cur i bhfeidhm céimneach leanúnach den chlár forbartha ceannasaíochta do bhainisteoirí sinsearacha:
  - Fuair an fhoireann bhainistíochta shinsearach oiliúint de réir a riachtanas sainithe. Thug siad faoi chlár oiliúnaithe chomh maith. Forbraíodh painéal de chóitseálaithe inmheánacha ina raibh ionadaithe ó gach earnáil.

# Clár Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Rinne an tAonad ICT feabhsuithe suntasacha ar chórais teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide (ICT) i 2008. Seo a leanas na torthaí a chuir le próisis oibre níos éifeachtaí d'fhoireann an Údaráis.

- Tacaíocht ICT do bhunachar sonraí forfheidhmithe nua, lena n-áirítear forbairt an bhonneagair ICT is gá.
- Timpeallacht ciandeasc cabhach a úsáid go rathúil.
- Feistiú teicniúil láithreán athshlánaithe tubaiste atá éifeachtach ó thaobh costais ag oifig Chill Chainnigh le cur i bhfeidhm i 2010.
- An tSraith is déanaí de chuid Microsoft Office a úsáid le táirgeacht úsáideoirí feabhsaithe a bheith ann.
- Ár gcóras r-phoist a uasghrádú chun tuilleadh solúbthachta a chur ar fáil maidir lenár bhféilirí agus cianrochtain ar ríomhphost a eagrú.
- Teagmháil ar bhonn leanúnach leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus córais REACH-IT a úsáid.
- Athdhearadh agus forbairt chóras Inlín an Údaráis.
- Laghdú ar tharaifí d'fhóin phóca a bhaint amach faoi Chreatlach an Rialtais.
- Samhail níos éifeachtaí ó thaobh costais dár riachtanais phriontála inmheánacha a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach.
- Stór Gréasáin foilseachán nua a fhorbairt le heispéireas custaiméirí níos fearr a bheith ann.

Bhain oifigí réigiúnacha an Údaráis go háirithe tairbhe as obair an Aonaid ICT:

- Chuir sé Freastalaí Físchomhdhála nua i bhfeidhm ionas go bhfuil oifigí réigiúnacha in ann comhdhálacha ilshuíomhanna a bheith acu ina bhfuil nascacht agus úsáid bandaleithid fheabhsaithe.
- Chuir sé aonaid chomhbhrúite isteach ionas go mbeidh rochtain níos tapúla ar fhreastalaithe agus r-phost, agus eispéaras foriomlán níos fearr ag úsáideoirí sna hoifigí réigiúnacha.
- D'uasghrádaigh sé na hoifigí réigiúnacha go léir le naisc fheabhsaithe ar shonraí agus cumas teipaistrithe feabhsaithe a bheith ann.
- Chuir sé ar chumas oifig Chill Chainnigh nua aistriú ar sceideal agus soláthraíodh áiseanna físchomhdhála níos fearr agus naisc líonra níos tapa d'usáideoirí ansin.
- Chuir sé feistiú ICT i bhfeidhm le hoifig Bhaile Átha Luain a fhorleathnú.

# Clár Reachtaíochta agus Treorach

Rinneadh dul chun cinn maith i 2008 maidir le tograí reachtacha agus ábhar treorach a fhorbairt, lena n-áirítear sábháilteacht ceimiceán, faoi threoir agus stiúradh Fhochoiste Reachtach agus Treorach an Bhoird, mar atá mionsonraithe in Aguisíní B agus C.

Cuireadh córas nua i bhfeidhm don "Próiseas Reachtach a Phleanáil agus a Bhainistiú" i rith na bliana chun an phróisis forbartha a luathú agus a shoiléiriú.

Thug an tÚdarás cabhair do DETE maidir le deiseanna a shainaithint agus a mheasúnú chun dualgais rómhór rialála ar fhostóirí a laghdú, agus na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte is gá á gcothabháil ó thaobh faisnéis nó fógraí a chur faoi bhráid an Údaráis. Leanfaidh an próiseas seo i 2009.

**Mórfhorbairtí Reachtaíochta**

Shínigh an tUachtarán an Bille Ceimiceáin 2008 an 9 Iúil 2008 agus achtaíodh leis sin mar an tAcht Ceimiceán 2008 (I.R. Uimh. 13 de 2008) é, agus sheol Billy Kelleher, an tAire Gnóthaí Saothair, tríd an Oireachtas é. Tháinig an tAcht i ngníomh an 15 Iúil 2008 tríd an Ordú fán Acht Ceimiceán 2008 (Tosach Feidhme) 2008 (I.R. Uimh. 273 de 2008), a shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an dáta sin.

Cuspóir an tAcht Ceimiceán 2008 ná éifeacht sa bhreis a thabhairt do reachtaíocht AE a bhaineann le ceimiceáin, lena n-áirítear -

(i) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Phairimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 i dtaobh le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bhunú, agus arna leasú le Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1354/2007 an 15 Samhain 2007 (Rialachán REACH) é,

(ii) Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ó Phairimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach (arna leasú) (Rialachán Rotterdam) agus

(iii)Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Phairimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 ar ghlantaigh, arna leasú le Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 907/2006 an 20 Meitheamh 2006 (An Rialchán um Ghlantaigh).

Foráltar leis an Acht do rialacháin fhorlíontacha a dhéanamh mar aon le rialachán chun na Treoracha "Seveso" faoi Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gceist a aththrasuíomh, chun na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gceist) 2006 (I.R. Uimh. 74 de 2006).

Tabharfar na Rialacháin AE seo a leanas laistigh de raon an Achta Ceimiceán chomh maith –

(i) Rialachán (CE) Uimh. 648/2008 ó Phairimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach,

(ii) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Phairimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 ar shubstaintí agus meascáin a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú, lena leasaítear agus aisghairmtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

(iii) Rialachán (CE) Uimh. 1336/2008 ón Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 d'fhonn é a chur in oiriúint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ar shubstaintí agus meascáin a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú.

## Clár Staitisticí agus Taighde

Bhí an tAonad Staitisticí agus Taighde ag iarraidh bonn fianaise intaofa a sholáthar chun cinntí an Údaráis i 2008 a chur ar an eolas, bunaithe ar bhunachair shonraí an Údaráis féin, foinsí sonraí in eagraíochtaí eile agus tionscadail taighde choimisiúnaithe. Chomhlíon an tAonad freagrachtaí chomh maith i réimsí bainistíochta ar thaifid agus tacaíochta riaracháin do Bhord an Údaráis.

Bhain an tAonad feabhsuithe suntasacha amach ar cháilíocht agus anailís sonraí i 2008:

- Rinneadh córas bailiúcháin sonraí an Údaráis níos géilliúlaí le modheolaíochtaí Eurostat (Gníomhaireacht Staitistiúil na hEorpa). Rinneadh acmhainní suntasacha ón Aonnad a leithdháileadh ar fhorbairt fheidhmchlár bunachar sonraí nua an Údaráis i rith 2009 chun comhlíonadh leanúnach agus feabhsaithe le riachtanais bhailithe sonraí Eurostat a chinntiú. Mhaoirsigh an tAonad forbairt scála freagartha leasaithe do cheistneoirí ar an gcóras bailithe sonraí – bíonn na ceistneoirí seo comhlánaithe ag cigirí r ábhair ar leith, mar shampla láimhsiú, sábháilteacht feithiclí, etc, agus soláthraíonn siad sonraí luachmhara le beartas a cheapadh.
- Chomhlíon an tAonad riachtanais ag leibhéal na hEorpa, ena n-áirítear comhad sonraí teagmhas bliantúil a sholáthar do Eurostat agus grúpaí oibre agus grúpaí teicniúla ábhartha a sheirbhísiú. Bhí ionadaíocht ag an Údarás chomh maith ar Ghrúpa Oibre Scórchlár na hEorpa, a dhíríonn ar dhul chun cinn Ballstát a mheasúnú maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde na hEorpa 2007- 2012. Cuireadh críoch le dearadh cheistneoir an Scórchláir i 2008, agus Éire chun tosaigh maidir leis na ceisteanna ar Cheimiceáin.

- Cuireadh faisnéis staitisticiúil ar fáil chun tacú le ghníomhaíochtaí Coistí Comhairliúcháin agus Réigiúnacha; táirgeadh cáipéisí treorach, ráitis phreasa a chur le chéile; agus ceisteanna a fhreagairt sa Dáil agus fiosrúcháin ón bpobal. Foilsíodh Summary of Injury, Illness and Fatality Statistics 2006–2007 a bhí cuimsitheach.
- Coimisiúnaíodh nó críochnaíodh na tionscadail taighde seo a leanas i 2008:
  - Anailís ar na difríochtaí idir oibrithe Éireannacha agus oibrithe nach Éireannaigh iad san earnáil foirgníochta.
  - An Líonra Tuairiscithe Sláinte agus Ceirde (THOR) in Éirinn.
  - Suirbhé ar úsáid ceimiceán in ionaid oibre Éireannacha.
  - Measúnú ar an modúl oideachais meánscoile 'Choose Safety'.
  - Láimhsiú san earnáil foirgníochta.
  - Suirbhé ar shábháilteacht feithiclí a bhaineann le hobair.
- Tugadh freagracht don Aonad as anailís ar thionchar rialúcháin (próiseas sainordaitheach chun tacú le reachtaíocht chomhréireach a thabhairt isteach) amach i 2008 agus forbrófar an fheidhm seo i rith 2009.



## Clár Airgeadais

Déantar athbhreithniú leanúnach ar chórais chuntasaíochta an Údaráis le cinntiú go mbeidh dea-chleachtas i bhfeidhm. Le linn 2008 rinneadh dul chun cinn suntasach déanta maidir le faisnéis airgeadais fheabhsaithe a sholáthar do choinneálaithe buiséid. Is féidir tuarascálacha buiséid a fháil ar líne anois.

Thug Iniúchóirí Inmheánacha an Údaráis na seacht dtuarascáil iniúchóra inmheánaigh chun críche, agus bhí torthaí sásúla orthu.

Bhí ár gcaiteachas do 2008 laistigh den bhuiséad agus chloíomar chomh maith leis na ceanglais maidir le soláthar agus íocaíocht pras cuntas.

le linn 2008 d'aistrigh an tÚdarás go dtí cóiríocht oifige nua i gCill Chainnigh agus fuair sé cóiríocht oifige sa bhreis i mBaile Átha Luain.

# Tuairiscí Airgeadais

’08

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta glacaim lenár bhfreagracht a dheimhniú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach rialú inmheánach airgeadais. Níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán sa chóras go bhfuil na sócmhainní slán, idirbheartaíochtaí ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta orthu agus go n-aithnítear nó go ndéantar earráidí ábhartha a chosc go pras.

## Nósanna Imeachta Rialaithe Ríthábhachtacha

Tá bearta déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil caighdeáin chuí rialála i bhfeidhm trí:

- Dualgais agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialála suntasacha a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt trasna gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, lena n-áirítear lena n-áirítear méid agus catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha
- An dóchúlacht go dtarlódh rioscaí sainaitheanta a mheas.
- Cumas an Údaráis a mheas chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.
- Measúnú a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an tairbhe a bhaintear astu.
- Obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena dheimhniú go mbíonn tuiscint shoiléir ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Tá an coras inmheánach rialaithe airgeadais bunaithe ar chreatlach gnátheolais bainistíochta, ina bhfuil nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscarúint dualgas, córas toscaireachta agus freagracht. Áirítear air seo go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ina bhfuil buiséad bliantúil a théann faoi bhráid agus a chomhaontaíonn Bord an Údaráis.
- Athbhreithnithe rialta leis an Údarás ar thuairiscí airgeadais tréimhseacha agus bliantúla a léiríonn eidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhfhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas.
- Treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Leag an tÚdarás síos feidhm iniúchta inmheánach, a oibríonn i gcomhréir leis an gCreatchód Dea-Chleachtais, mar ata leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh cúnamh ó anailís ar an rioscaí faoina mbíonn an comhlacht, agus bíonn pleananna iniúchóra inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúchóra inmheánaigh agus ceadaíonn an tÚdarás iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar ar an tuarascáil seo, tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cumas agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh curtha ar an eolas ag obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Feidhmeannas laistigh den Údarás a bhfuil freagracht air as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Tá Cód Caighdeán agus Iompraíochta leagtha síos d'fhostaithe agus tá Cód Rialachais Chorparáidigh leagtha síos do Bhaill an Bhoird agus cloítear leis an bpéire acu.

Bíonn beartas an rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.

Comhlíontar treoirlínte an rialtais maidir le táillí agus speansais Stiúrthóirí a íoc. Tá na táillí agus costais atá le híoc le baill an Bhoird le linn 2008 mionsonraithe i nóta a théann leis na Ráitis Airgeadais.

Bhí an tÚdarás i gcomhlíonadh leis na dlíthe cánach ábhartha go léir agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Déanann Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach agus ansin cuirtear tuarascáil fhoirmiúil faoi bhráid an Bhoird. Tá athbhreithniú foirmiúil déanta ag an mBord ar a rialuithe airgeadais inmheánacha le linn 2008.

## Táillí agus Speansais an Bhoird

Fuair baill an bhoird táillí de €104,000 ar an iomlán i 2008 agus speansais de €25,655.30.

Thar ceann an Bhoird.

Jim Lyons
Cathaoirleach
Feabhra 2009

# Dréachtráitis Airgeadais

Cuireadh na dréachtráitis airgeadais atá leagtha amach thíos faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Críochnaíodh an obair iniúchóra allamuigh agus tá na ráitis airgeadais á dtabhairt chun críche faoi láthair. Tar éis don tuarascáil iniúchóra a bheith faighte, cuirfear cóip de na ráitis airgeadais i dteannta le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Saothair.

**Dréachtchuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

| IONCAM | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | 24,235,450 | 22,962,167 |
| Glanchistiú iarchurtha do phinsin | 4,534,000 | 3,924,000 |
| Asbhaintí Fostaithe inaisíoctha le DETE | (715,633) | (602,150) |
| Ioncam Eile | 578,615 | 699,010 |
| Fo-iomlán | 28,632,432 | 26,983,027 |
| Aistriú ó / (chuig) Cuntas Caipitil | 259,230 | 101,464 |
| | 28,891,662 | 27,084,491 |
| **CAITEACHAS** | | |
| Costais Tuarastal | 12,440,840 | 10,628,324 |
| Costais Pinsean | 4,584,367 | 4,297,850 |
| Costais Riaracháin Eile | 11,618,247 | 12,249,726 |
| | 28,643,454 | 27,175,900 |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | 248,208 | (91,409) |
| Barrachas / (Easnamh) Carnach ar an 1 Eanáir | (381,575) | (290,166) |
| (Easnamh) /Barrachas Carnach ar an 31 Nollaig | (133,367) | (381,575) |

Baineann na torthaí don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha.



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Dréachtráiteas Sreafa Airgid ar an 31 Nollaig 2008.**

| BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN A RÉITEACH LE GLAN-INSREABHADH AIRIGID Ó GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | 248,208 | (91,409) |
| Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil | (259,230) | (101,464) |
| Dímheas | 619,759 | 753,512 |
| (Méadú)/laghdú ar Fhéichiúnaithe | (121,182) | 107,107 |
| (Méadú)/laghdú ar Fhéichiúnaithe | (131,270) | (107,985) |
| | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | 356,285 | 559,761 |
| **Ráiteas Sreafa Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | 356,285 | 559,761 |
| **Caiteachas Caipitiúil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | (360,529) | (652,048) |
| (Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim | (4,244) | (92,288) |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseacht i nGlanchistí** | | |
| (Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain | (4,244) | (92,288) |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | 60,613 | 152,901 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | 56,369 | 60,613 |
| **Anailís ar Athrú ar ghlanchistí** | **Airgid ag an agus mBanc ar láimh €** | **Iomlán €** |
| Ag tús na bliana | 60,613 | 60,613 |
| Sreabhadh Airgid | (4,244) | (4,244) |
| Ag deireadh na bliana | 56,369 | 56,369 |
| | | |

**Dréachtchlár Comhardaithe mar atá ar an 31 Nollaig 2008**

| | 2008 € | 2008 € | 2007 € | 2007 € |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | 885,586 | | 1,144,816 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 737,192 | | 616,010 | |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid | 56,369 | | 60,613 | |
| | 793,561 | 676,623 | | |
| | | | | |
| **CREIDIÚNAITHE** (dlite laistigh de bhliain amháin) | | | | |
| Creidiúnaithe | 930,686 | | 1,061,956 | |
| | 930,686 | | 1,061,956 | |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha | (137,125) | | (385,333) | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ ROIMH PHINSIN** | | 748,461 | | 759,483 |
| Cistiú pinsean iarchurtha | | 49,600,000 | | 44,700,000 |
| Dliteanais Pinsean | | (49,600,000) | | (44,700,000) |
| **GIANSÓCMHAINNÍ SEASTA** | | 748,462 | | 759,483 |
| **Á ÍONANNÚ AG:** | | | | |
| Cuntas Caipitil | | 881,828 | | 1,141,058 |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (133,367) | | (381,575) |
| | | 748,461 | | 759,483 |
| | | | | |



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Aguisíní

Aguisín A:
Staitisticí Iniúchta agus Forfheidhmithe

Aguisín B:
Torthaí na nIonchúiseamh

Aguisín C:
reachtaíocht nua rinneadh i 2008

Aguisín D:
Fochoistí an Bhoird

Aguisín E:
Coistí Comhairliúcháin agus Grúpaí Oibre

'08

# Aguisín A: Staitisticí Iniúchta agus Forfheidhmithe

**Tábla A.1 Líon na n-iniúchtaí 2002–2008**

| Bliain | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iniúchtaí | 12,896 | 10,704 | 11,382 | 13,552 | 15,365 | 13,631 | 16,009 |

**Tábla A.2 Céatadán comhlíonta an fhostóra le ceanglais sábháilteachta agus sláinte de réir earnála**

| NACE | Ráiteas Sábháilteachta ullmhaite | Comhairliúchán Sábháilteachta i bhfeidhm | Ionadaithe Sábháilteachta ceaptha |
|---|---|---|---|
| A | 40 | 49 | 6 |
| B | 91 | 82 | 26 |
| C | 84 | 71 | 40 |
| D | 57 | 51 | 32 |
| E | 84 | 76 | 52 |
| F | 82 | 62 | 21 |
| G | 62 | 55 | 17 |
| H | 49 | 42 | 17 |
| I | 81 | 72 | 19 |
| J | 92 | 81 | 52 |
| K | 75 | 77 | 29 |
| L | 48 | 44 | 12 |
| M | 66 | 54 | 23 |
| N | 73 | 62 | 31 |
| O | 82 | 78 | 69 |
| P | 71 | 60 | 35 |
| Q | 89 | 71 | 60 |
| R | 77 | 69 | 22 |
| S | 56 | 54 | 23 |
| T | – | – | – |
| U | – | – | – |
| **Meán do gach earnáil** | **72** | **63** | **31** |

**Eochair do chóid NACE:**
A – Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht, B – Mianadóireacht agus cairéalú, C – Déantúsaíocht, D – Leictreachas, gás, soláthar aerchóirithe agus gaile, E – Soláthar uisce; gníomhaíochtaí camrais, bainistíochta dramhaíola agus leasúcháin, F – Foirgníocht, G – Tráchtáil mórdhíola agus miondíola, deisiú feithiclí, H – Iompar agus stóráil, I – Cóiríocht agus gníomhaíochtaí stórála bia, J – Faisnéis agus cumarsáid, K – Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais, L – Gníomhaíochtaí estáit réadaigh, M – Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, N – Gníomhaíochtaí riaracháin agus tacaíochta sóisialta, O – Riarachán poiblí agus cosaint leas sóisialta éigeantach, P – Oideachas, Q – Gníomhaíochtaí sláinte an duine agus oibre sóisialta, R – Na hEalaíona, siamsaíocht agus áineas, S – Gníomhaíochtaí Seirbhíse eile, T – Gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí, U – Eagraíochtaí allchríche

**Tábla A.3 Líon na n-iniúchtaí de réir earnála geilleagraí agus cineál iniúchta**

| NACE Iniúchadh | Timpiste Iniúchadh | Gearán | Iniúchtaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| A | 65 | 30 | 1385 | 1480 |
| B | 28 | 18 | 510 | 556 |
| C | 260 | 74 | 2083 | 2417 |
| D | 37 | 10 | 25 | 72 |
| E | 18 | 12 | 190 | 220 |
| F | 462 | 734 | 5823 | 7019 |
| G | 55 | 63 | 1188 | 1306 |
| H | 70 | 42 | 810 | 922 |
| I | 8 | 17 | 681 | 706 |
| J | 3 | 3 | 58 | 64 |
| K | 3 | 10 | 220 | 233 |
| L | 3 | 3 | 19 | 25 |
| M | 15 | 10 | 78 | 103 |
| N | 12 | 6 | 66 | 84 |
| O | 36 | 29 | 148 | 213 |
| P | 3 | 11 | 21 | 35 |
| Q | 28 | 24 | 274 | 326 |
| R | 12 | 11 | 84 | 107 |
| S | 12 | 10 | 95 | 117 |
| T | 0 | 1 | 0 | 1 |
| U | 0 | 0 | 3 | 3 |
| | **1130** | **1108** | **13671** | **16009** |

**Tábla A.4 Líon na n-iniúchtaí de réir earnála geilleagraí agus gníomh forfheidhmithe**

| NACE | Líon na n-iniúchtaí | Fógraí coisc | Fógraí Feabhsúcháin | Treoracha Feabhsúcháin | Treoir scríofa | % Gníomh forfheidhmithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A | 1480 | 78 | 133 | - | 447 | 45% |
| B | 556 | 11 | 51 | - | 195 | 46% |
| C | 2417 | 55 | 342 | - | 1751 | 88% |
| D | 72 | - | 4 | - | 64 | 94% |
| E | 220 | 6 | 45 | - | 120 | 78% |
| F | 7019 | 544 | 398 | 1 | 3456 | 63% |
| G | 1306 | 32 | 203 | - | 806 | 80% |
| H | 922 | 14 | 52 | - | 453 | 56% |
| I | 706 | 15 | 124 | - | 407 | 77% |
| J | 65 | - | 3 | - | 62 | 100% |
| K | 233 | - | 7 | - | 111 | 51% |
| L | 25 | - | 1 | - | 11 | 48% |
| M | 103 | - | 4 | - | 74 | 76% |
| N | 84 | 4 | 12 | - | 62 | 93% |
| O | 213 | 3 | 17 | 1 | 109 | 61% |
| P | 35 | - | 8 | - | 27 | 100% |
| Q | 326 | 2 | 27 | - | 195 | 69% |
| R | 107 | 8 | 13 | - | 44 | 61% |
| S | 117 | - | 22 | - | 109 | 100% |
| T | 1 | - | - | - | -0 | 0% |
| U | 3 | - | - | - | 2 | 67% |
| | **16009** | **772** | **1466** | **2** | **8568** | **68%** |

Nóta: B'fhéidir go mbeidh níos mó ná gníomh forfheidmithe amháin ann in aghaidh an iniúchta

**Tábla A.5 Achoimre ar thorthaí na n-ionchúiseamh a rinneadh i 2008**

| Cineál imeacht | Líon heard | céatadán iomlán cásanna a éistíodh aí go hachomair nó ar díotáil | Díbhí | Chuarda-Chúirt Appeal | Cúirt An Phríomh Choiriúil | Pianbhreith ar fionraí | Promhaidh Acht | Táillí € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Achoimre | 16 | 60 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 22,100.00 |
| Díotáil | 11 | 40 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2,502,500.00 |
| **Líon iomlán** | **27** | **100** | **1** | **1** | **1** | **0** | **1** | **2,524,600.00** |

# Aguisín B:
# Torthaí na nIonchúiseamh

**Domtex Limited t/a Roscrea Express Delivery Services** **Ar Díotáil**
Gearradh fíneáil de €25,000.00 san iomlán ar Domtex Limited ag trádáil mar Roscrea Express Delivery Services de chuid Ros Cré, Co. Thiobraid Árann i gCúirt Chuarda Choiriúil an Aonaigh an 3 Bealtaine 2007 tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 7(1) contrártha d'Alt 48 (1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Rialachán 10(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 contrártha d'Alt 48 (1)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Alt 8(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 contrártha d'Alt 48(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Tháinig an cás seo chun cinn de bharr timpiste marfaí ag áitreabh Roscrea Express Delivery Services, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann ar an 20 Deireadh Fómhair 2004. D'ardaigh fostaí de Roscrea Express Delivery Services beirt fhostóiri de chuid Michael (Jackie) Shanahan in airde trí chaighean ag luí ar bhléideanna gabhailtrucail ardaithe. Thit an caighean ó na bléideanna. Fuair fostaí amháin bás agus gortaíodh an fostaí eile go dona.

Féach chomh maith Michael (Jackie) Shanahan

**Michael (Jackie) Shanahan** **Ar díotáil**
Gearradh fíneáil de €22,500.00 san iomlán ar Michael (Jackie) Shanahan de chuid Bhóthar Luimnigh, Ros Cré, Contae Thriobraid Árann i gCúirt Choiriúil Chuarda an Aonaigh an 3 Bealtaine 2007, tar éis dó a bheith faighte ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 6(2) (d) contrártha d'Alt 48 (1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Alt 6(2) (e) contrártha d'Alt 48 (1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, Rialachán 10(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 contrártha d'Alt 48 (1)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Tháinig an cás seo chun cinn de bharr timpiste marfaí ag áitreabh Roscrea Express Delivery Services, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann ar an 20 Deireadh Fómhair 2004. D'ardaigh fostaí de Roscrea Express Delivery Services beirt fhostóiri de chuid Michael (Jackie) Shanahan in airde trí chaighean ag luí ar bhléideanna gabhailtrucail ardaithe. Thit an caighean ó na bléideanna. Fuair fostaí amháin bás agus gortaíodh an fostaí eile go dona.

Féach chomh maith Domtex Ltd t/a Roscrea Express Delivery Services

**Tinal Electrical Limited t/a Atlantic Developments** **Ar Díotáil**
Gearradh fíneáil €40,000.00 ar an iomlán ar Tinal Electrical Limited t/a Atlantic Developments de chuid The Atlantic Bar, An Chearnóg, An Neidín, Co Chiarraí i gCúirt Chuarda Thrá Lí an 13 Samhain 2007, tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 15(3) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 contrártha d'Alt 77 (2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 15(3) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 contrártha d'Alt 77 (9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 22(1) Rialacháin um Shábháilteacht,

Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 contrártha d'Alt 77 (2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 21(1)(a) Rialacháin Foirgníochta 2001 contrártha d'Alt 77 (2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 15(1) Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 contrártha d'Alt 77 (2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar dhíobhálacha marfacha a fuair fostaí de chuid Tony O Sullivan T/A Tony O' Sullivan Plant Hire tar éis imphléascadh trinse ar láithreán tógála ag Drom Naomhán, An Neidín, Co Chiarraí an 26 Deireadh Fómhair 2005. Príomhchonraitheoir an láithreáin ba ea Tinal Electrical Limited t/a Atlantic Developments.

Féach chomh maith Tony O'Sullivan

**Tony O'Sullivan** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €15,000.00 ar an iomlán ar Tony O'Sullivan, de chuid Choill Átha Thiar, An Neidín, Co Chiarraí i gCúirt Chuarda Thrá Lí an 13 Samhain 2007, tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas; Alt 8(1) contrártha d'Alt 77 (9) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8(1) contrártha d'Alt 77 (2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77 (9) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77 (2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 19 (1) contrártha d'Alt 77 (2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 21 (1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 contrártha d'Alt 77 (2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar dhíobhálacha marfacha a fuair fostaí de chuid Tony O Sullivan T/A Tony O' Sullivan Plant Hire tar éis intitim trinse ar láithreán tógála ag Drom Naomhán, An Neidín, Co Chiarraí an 26 Deireadh Fómhair 2005. Príomhchonraitheoir an láithreáin ba ea Tinal Electrical Limited t/a Atlantic Developments.

Féach chomh maith Tinal Electrical t/a Atlantic Developments

**Abbey Farm Equipment Limited** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €140,000.00 ar an iomlán ar Abbey Farm Equipment Limited de chuid Bhóthar an Tobair, An tAonach, Contae Thriobraid Árann i gCúirt Chuarda an Aonaigh an 28 Éanáir 2008, tar éis dó a bheith faighte ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(1) agus 8(2)(a) agus 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005,
Alt 8(1) agus 8(2)(a) agus 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005,
Alt 8(1) agus 8(2)(e) agus 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005,
Alt 8(1) agus 8(2)(e) agus 77(9) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005,
Alt 8(1) agus 8(2)(g) agus 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005,
Alt 8(1) agus 8(2)(g) agus 77(9) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn de bharr timpiste marfaí ina raibh fostaí de chuid Abbey Farm Equipment Ltd agus é ag lódáil tancaer sciodair ar leantóir ag áitreabh Abbey Machinery Limited, Baile Uí Chléireacháin, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann an 20 Meán Fómhair 2005.

**Anglo American Lisheen Mining Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil €2,500.00 ar an iomlán ar Anglo American Lisheen Mining Limited de chuid Mhianach Lisín,Cill Odhráin, An Mhaighean, Durlas, Co. Thiobraid Árann i gCúirt Dúiche Dhurlais an 21 Eanáir 2008, tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(1) a bhaineann le hAlt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar theagmhas contúirteach ag Mianach Lisín, Cill Odhráin, An Mhaighean, Durlas, Co. Thiobraid Árann an 27 Meitheamh 2006, nuair a theip ar an mbaracáid aislíonta, agus líonadh leachtaithe á scaoileadh isteach sna tolláin mhórthimpeall aige. Níor gortaíodh duine ar bith.

**Arch Chemicals BV** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €1,000.00 ar an iomlán ar Arch Chemicals BV, de chuid Lána an Uisce, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath i gCúirt Dúiche Dolphin House, Sráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath 2 an 10 Samhain 2008 tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8 (2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Tháinig an cás chun cinn de bharr teagmhais chontúirtigh ag Arch Chemicals BV de chuid Lána an Uisce, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath an 31 Bealtaine 2007, nuair a aistríodh tuaslagán Suilfíde Hidrigincharbónáit ó umar go limistéar táirgthe, a raibh pléascadh ann dá bharr.. Níor gortaíodh éinne.

**Barbary Construction Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €1,000.00 ar an iomlán ar Barbary Construction Limited de chuid Gortbrachmoor, Áth Eascrach, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe i gCúirt 49, Cúirt Dúiche Dolphin House, Sráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath 2 an 22 Deireadh Fómhair 2008 tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8 (2)(g) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar timpiste a tharla d'fhostaí Barbary Construction Limited ag Aonad 36, Estát Tionsclaíoch Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10 an 18 Meitheamh 2007 nuair a d'iompaigh an forcardaitheoir a bhí á thiomáint aige bun os cionn agus bhí a rúitín gafa agus gortaithe.

**Bus Éireann** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de€2,000,000.00 ar an iomlán ar Bus Éireann de chuid An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7 i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 21 Bealtaine 2008, tar éis dóibh pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas

Alt 6(2)(b) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus Alt 6(2)(e) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste ar Bhóthar R153 an Uaimh - Baile an Cheantaigh, a raibh oibreacha bóthair air an 23 Bealtaine 2005. Bhí Bus Éireann ag tabhairt 56 páiste iar-bhunscoile, a bheag nó a mhór, ar ais ón scoil. Maraíodh 5 páistí scoile.

Féach chomh maith Keltank agus Comhairle Contae na Mí,

**Colm O Rourke Limited** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €17,500 ar an iomlán ar Colm O Rourke Limited de chuid Bhaile Uí Aodha, Eidhneach, Co. an Chláir i gCúirt Chuarda Inis an 14 Eanáir 2008, tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 6(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Rialachán 9(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001, Alt 6(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Rialachán 9(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste ag láithreán ag an Dún Beag, Co. an Chláir ar an 21 Márta 2005. D'iarr Colm O'Rourke (Stiúrthóir Bainistíochta) ar fhostaí de chuid Colm O'Rourke obair a dhéanamh ó ardán, ní raibh an t-ardán seo iniúchta lena chinntiú go raibh sé oiriúnach don chuspóir. Thit an fostaí 7 méadar ón ardán agus gortaíodh go trom é.

**Conneely Construction Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €2,000.00 ar an iomlán ar Conneely Construction Limited de chuid Bhóthar Cloniffe, Droim Conrach, Baile Átha Cliath i gCúirt 49 den Chúirt Dúiche, Sráid Essex, Baile Átha Cliath an 25 Feabhra 2008 tar éis pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 12 mar a bhaineann sé le hAlt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar ghortuithe troma ar Láithreán tógála ag Cearnóg Bhaile Chluain Ghrífín, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath an 11 Meán Fómhair 2006. Sheas fostaí de Connelly Construction Limited
ar leac réamhtheilgthe, a bhris faoina mheáchan, thit sé ansin agus gortaíodh go trom é.

**FKM Engineering Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €500.00 ar an iomlán ar FKM Engineering Limited, de chuid 14 Riverwalk, Ionad Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 sa Chúirt Dúiche, Dolphin House, Sráid Essex Thiar, Baile Átha Cliath 2 an 10 Iúil 2008 tar éis pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas: Alt 12 mar a bhaineann sé le hAlt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste an 30 Bealtaine a tharla d'fhostaí fhochonraitheoir FKM Engineering Limited. Thit an fostaí trí urlár bréagach in ardúch meicniúil agus é ag iarraidh é a ghlanadh.

**Ger Dempsey** **Go hAchomair**

Níor gearradh fíneáil ar Ger Dempsey de chuid Ashgrove Lodge, Cluain Ard, Loch Garman, ach phléadáil sé ciontach i gCúirt Dúiche Loch Garman, Loch Garman an 1 Aibreán 2008 sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 77(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar theagmhas a tharla an 12 Feabhra 2007 nuair a bhí cigire ag déanamh iniúchadh ar ionad oibre ag Ashgrove Fitted Kitchens Limited, Cluain Ard, Co. Loch Garman.

**Henry McGinley and Sons Limited** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €25,000.00 ar an iomlán ar Henry McGinley and Sons Limited of Loughnakey, Baile na nGallóglach, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall an 13 Feabhra 2008 i gCúirt Chuarda Leitir Ceanainn, tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas.

Alt 8(2)(e) a bhaineann le hAlt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8(2)(e) a bhaineann le hAlt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 9(1)(a) mar a bhaineann sé le Rialachán 15(2) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 contrártha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 9(1)(a) mar a bhaineann sé le Rialachán 74(2) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001, Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 9(1)(a) mar a bhaineann sé le Rialachán 79(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001, Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh fostaí de chuid Henry McGinley and Sons Limited a bheith gortuithe go dona an 1 Meán Fómhair 2005 ag Loughnakey, Baile na nGallóglach, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall nuair a thit sé ó dhíon nach raibh críochnaithe go hiomlán fad is a bhí leathán á chur ar an díon aige.

**John O'Donovan** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €2000.00 ar an iomlán ar John O'Donovan de chuid Ballyhandle, Garraí Thancaird, Inis Eonáin, Co. Chorcaí, i gCúirt Chuarda Chorcaí, Cathair Chorcaí an 25 Meán Fómhair 2008 tar éis dó a bheith faighte ciontach sa chúiseamh seo a leanas: Alt 13(1)(a) mar a bhaineann sé le hAlt 77(2) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar fhostaí a bheith gortaithe go dona ag Aerfort Chorcaí an 11 Lúnasa 2006 nuair a thit sé anuas ó bharr staighrí paisinéirí mótaraithe ag doras aerárthaigh mar gheall ar na céimeanna.

**John Phelan t/a Westlink Construction** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €1,000.00 ar an iomlán ar John Phelan t/a Westlink Construction de chuid 11, An Céide, Mainistir Rochford, Cill, Co. Chill Dara i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 8 Nollaig 2008, tar éis dó pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 12 mar a bhaineann sé le hAlt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar theagmhas an 8 Deireadh Fómhair 2007 ag 19 Céide Fhearann Dara, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6W. Thit fostaí, a bhí ag obair d'fhochonraitheoir díonadóireachta, ón díon agus roll sé tríd an scafall, nach raibh aon choschlár ná lámhráille air, agus gortaíodh é

**John Ronan and Company Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €2,000.00 ar an iomlán ar John Ronan and Company Limited de chuid Ballycosgry, An Ráth, Co. Chorcaí i gCúirt Dúiche an Bhrú, Co. Luimnigh an 4 Aibreán 2008 tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 15 contrártha d'Alt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 15 contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar gheall ar thimpiste ag an Ráth, Co. Chorcaí an 19 Nollaig 2006 inar thit lindéar iompair, agus beirt fhear á ngortú.

**Keltank** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €100,000.00 ar an iomlán ar Keltank de chuid 6 Sráid an Iarnróid, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 21 Bealtaine 2008, tar éis pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 77(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste ar Bhóthar R153 an Uaimh - Baile an Cheantaigh, a raibh oibreacha bóthair air an 23 Bealtaine 2005. Bhí Bus Éireann ag tabhairt 56 páiste iar-bhunscoile, a bheag nó a mhór, ar ais ón scoil. Maraíodh 5 páistí scoile.
Féach chomh maith Comhairle Contae na Mí agus Bus Éireann

**Kilkenny Limestone Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €4,000.00 ar an iomlán ar Kilkenny Limestone Limited, Cluain Mhór, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin, i gCúirt Dúiche Bhaile Thomáis, Cill Chainnigh an 4 Feabhra 2008 tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 8 (2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn de bharr timpiste a tharla d'fhostaí ag Kilkenny Limestone Ltd, ag cairéal ag Baile Phóil, Co. Chill Chainnigh an 14 Lúnasa 2006. Bhris rinn diamaint ó rópa cruach a bhí á úsáid chun blocanna cloiche toiseach a ghearradh, agus bhuail píosa den rópa droim an fhostaí.

**Largo Food Exports Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €€,500.00 ar an iomlán ar Largo Food Exports Limited, Cill Bhrú, Cill Dhéagláin, Co. na Mí, i gCúirt Dúiche Dhún Seachlainn, Co. na Mí an 14 Deireadh Fómhair 2008, tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(1) mar a bhaineann sé le le hAlt 8(2)(c)(i) mar a fhoráiltear le halt 77(9)(a), den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 19(1) mar a fhoráiltear le hAlt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 53 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde) 2006 contrártha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo suas de bharr timpiste in a raibh fostaí de chuid Largo Food Exports Limited, Cill Bhrú, Cill Dhéagláin, Co. na Mí an 20 Iúil 2007. Bhí an fostaí fostaithe mar ghlantóir agus chuaigh an fostaí go dtí leibhéal droichid chun glanadh suas agus chun bruscar a thógáil amach. Bhí foireann na rannóige cothabhála tar éis ráille, a bhíodh ar an droichead de ghnáth, a bhaint de níos luaithe an lá sin. Thit an fostaí ó leibhéal an droichid go dtí an bunurlár, a bhí 3.95 méadar síos faoi agus gortaíodh é.

**Comhairle Contae na Mí** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €100,000.00 ar an iomlán ar Chomhairle Contae na Mí, Halla an Chontae, An Uaimh, Co. na Mí i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 21 Bealtaine 2008, tar éis pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas: "Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 agus Rialachán 4(1)(b) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001".

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste ar Bhóthar R153 an Uaimh - Baile an Cheantaigh, a raibh oibreacha bóthair air an 23 Bealtaine 2005. Bhí Bus Éireann ag tabhairt 56 páiste iar-bhunscoile, a bheag nó a mhór, ar ais ón scoil. Maraíodh 5 páistí scoile.

Féach chomh maith, Bus Éireann agus Keltank

**O'Grady Tile and Bathrooms Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €200.00 ar an iomlán ar O'Grady Tile and Bathrooms Limited de chuid Pháirc Gnó Chluain Meala, Bóthar Chaisil, Co. Thiobraid Árann i gCúirt Dúiche Chluain Meala, Tiobraid Árann an 22 Aibreán 2008 tar eis dóibh pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Alt 12 contrártha d'Alt 77(9) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.
Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste ina raibh tíleoir féinfhostaithe an 25 Meán Fómhair 2006 ag O'Grady Tile and Bathrooms, Páirc Gnó Chluain Meala, Bóthar Chaisil, Co. Thiobraid Árann. D'iarr Mr. Pat O'Grady ar an tíleoir féinfohstaithe cabhair a thabhairt dó agus comhartha á thógáil aige ó limistéar stórála neamhchosanta sa trádstóras. D'ardaigh Mr. O'Grady an tíleoir féinfhostaithe ar ghabhail an fhorcardaitheora go dtí an limistéar stórála, áit a bhfuair sé an comhartha agus nuair a bhí sé ag seasadh siar ar ghabhail an fhorcardaitheora, chaill sé a ghreim coise agus thit sé 2.45 méadar síos go dtí an talamh. Gortaíodh go dona é.

Féach chomh maith Pat O'Grady (Stiúrthóir)

**Pat O'Grady (Stiúrthóir)** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €200.00 ar an iomlán ar Pat O'Grady (Stiúrthóir), O'Grady Tile and Bathrooms de chuid Pháirc Gnó Chluain Meala, Bóthar Chaisil, Co. Thiobraid Árann i gCúirt Dúiche Chluain Meala, Tiobraid Árann an 22 Aibreán 2008, tar eis dó pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 80 contrátha d'Alt 12 agus Alt 77(9)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste ina raibh tíleoir féinfhostaithe an 25 Meán Fómhair 2006 ag O'Grady Tile and Bathrooms, Páirc Gnó Chluain Meala, Bóthar Chaisil, Co. Thiobraid Árann. D'iarr Mr. Pat O'Grady ar an tíleoir féinfohstaithe cabhair a thabhairt dó agus comhartha á thógáil aige ó limistéar stórála neamhchosanta sa trádstóras. D'ardaigh Mr. O'Grady an tíleoir féinfhostaithe ar ghabhail an fhorcardaitheora go dtí an limistéar stórála, áit a bhfuair sé an comhartha agus nuair a bhí sé ag seasadh siar ar ghabhail an fhorcardaitheora, chaill sé a ghreim coise agus thit sé 2.45 méadar síos go dtí an talamh. Gortaíodh go dona é.

Féach chomh maith O'Grady Tile and Bathrooms Limited

**Roadstone Dublin Limited** **Ar Díotáil**

Gearradh fíneáil de €17,500.00 ar an iomlán ar Roadstone Dublin Limited, Baile Uí Fhoirtcheirn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 23 Eanáir 2008 tar éis dó a bheith faighte ciontach sna cúisimh seo a leanas.

Alt 6(2)(a) maidir le hAlt 6(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, Alt 6(2)(e) maidir le hAlt 6(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Tharla an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste an 16 Iúil 2001 ag Roadstone Dublin Limited, Cairéal Belgard, Baile Uí Fhoirtcheirn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 nuair a dódh beirt fhostóirí go dona tar éis dóibh teacht i dteagmháil le busbarra beo ar phíosa 380 volta d'fhearas leictreach.

**Patrick McDermott** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €200.00 ar an iomlán ar Patrick McDermott, 2 Long Avenue, Dún Dealgan, Co Lú i gCúirt Dúiche Dhún Dealgan an 3 Iúil 2008, tar éis dó pléadáil ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste ina raibh tine a tharla mar gheall ar dheisiú tóirse ar fheilte ar dhíon ag Williamson Mall, Dún Dealgan, Co Lú an 7 Meán Fómhair 2007. Chuaigh adhmaid an dín trí thine, a raibh páirt-titim d'ábhair shíleála síos chuig an mbialann laistíos mar thoradh air, agus mionghortuithe ag roinnt custaiméírí dá bharr.

**Samuel Harron** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €600.00 ar an iomlán ar Samuel Harron, Breaghy, Caisleán na Finne, Co. Dhún na nGall i gCúirt Dúiche Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall an 24 Iúil 2008 ar éis dó pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 77(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar theagmhas a tharla nuair a bhí Cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteacht ag déanamh iniúchtaí ag ionad oibre ag Cúil na gCuirridín, Co. Dhún na nGall an 24 agus 25 Lúnasa 2006.

**Wheelmount Limited** **Go hAchomair**

Gearradh fíneáil de €3000.00 ar an iomlán ar Wheelmount Limited, Corrib Hostel, Sráid Camp, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe i gCúirt Dúiche Dhún Mór, Co. na Gaillimhe an 22 Eanáir 2008 tar eis pléadáil ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(2) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán 9(1)(a) mar a bhaineann sé le Rialachán 69(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialachán Foirgníochta) 2001 contrártha d'Alt 77 (2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste mharfach ag láithreán tógála a bhí faoi rialú Wheelmount Limited, Knock Na Corra, Baile Liam, Co. na Gaillimhe an 23 Samhain 2007. Fuarthas Padraic Daly, nach maireann ag bonn an scafaill ag am lóin an 23 Samhain 2007. Ní fhaca éinne an timpiste.

# Aguisín C: Reachtaíocht agus Treoir nua a rinneadh i 2008

## Reachtaíocht a rinne an tÚdarás i 2008

**1 Rialacháin um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair (Cairéil) 2008 (I.R Uimh. 28 de 2008)**

Shínigh Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na Rialacháin sin an 14 Feabhra 2008 agus tháinig siad i ngníomh an 1 Bealtaine 2008, seachas Rialacháin 13(c), 16(b) agus Sceideal 1, a thiocfaidh i ngníomh an 1 Samhain 2009.

Leagann na Rialacháin ceanglais maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas i gcairéil amach, mar a shainmhínítear i Rialachán 3, agus téann siad in ionad raon forálacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe sin san Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965 agus i Rialacháin éagsúla a rinneadh faoin Acht sin.

Chomh maith leis sin, maidir le cairéil, trasuíonn na Rialacháin forálacha ábhartha na Treorach ón gComhairle 92/104/CEE an 3 Nollaig 1992 ar na ceanglais íosta chun cosaint sábháilteachta agus sláinte oibrithe i dtionscail eastósctha mianraí faoin talamh a fheabhsú (OJ L404, 31.12.1992, lch. 10).

Tá feidhm ag na Rialacháin maidir le gach cairéal ina n-oibríonn daoine, agus leagann siad dualgais an úinéara, an oibreora, an bhainisteora agus fostaithe ag cairéal amach i leith daoine sa chairéal, nó sa limistéar díreach mórthimpeall ar chairéal.

Ordú ar leith —Rinne an tOrdú um an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) (Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha) 2005 (Tosach Feidhme) 2008 —ó 1 Bealtaine 2008, forálacha áirithe den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965 agus Ionstraimí Reachtúla a rinneadh faoin Acht a aisghairm nó a chúlghairm, dá bhoráiltear in Alt 1(2) agus 4(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (I.R. Uimh. 10 de 2005), ionas go seachnófar forluiteacht nó cóipeáil na bhforálacha sin agus forálacha na Rialachán seo.

**2 Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Cairéil) (Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha) Ordú (Tosach Feidhme) 2008 (I.R. Uimh. 29 de 2008)**

Shínigh Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tOrdú seo an 14 Feabhra 2008 agus tháinig sé i ngníomh an 1 Bealtaine 2008.

Cuspóir an Ordaithe (dá bhforáiltear i ailt 1(2) agus 4(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (I.R. Uimh. 10 de 2005), ná aisghairm an Achta um Mianaigh agus Cairéil, 1965 (Uimh.7 de 1965) a fheidhmiú a' mhéad is a bhaineann an tAcht sin le cairéil (lena n-áirítear ailt 23 go 29, 91 go 97 agus 133(2) agus (3)) agus aon Rialachán, Ordú agus Riail a rinneadh faoin Acht sin a chúlghairm mar a bhaineann siad le cairéil.

Is éard atá sna hionstraimí sa chatagóir thuasluaite -

(i) Rialacha um Mianaigh agus Cairéil (Tagairt) 1970 (I.R. Uimh. 75 de 1970),

(ii) Na Rialacháin fán Acht um Mianaigh agus Cairéil 1965 (Teastais Bhreithe), 1970 (I.R. Uimh. 110 de 1970),

(iii) An tOrdú um Mianaigh agus Cairéil (Galair a Fhógairt), 1971 (I.R. Uimh. 61 de 1971),

(iv) Rialacha um Fhiosruithe faoi Mhianaigh agus Cairéil (Dréachtrialacháin) 1971 (I.R. Uimh. 219 de 1971),

(v) Rialacháin um Chairéil (Pléascaigh), 1971 (I.R. Uimh. 237 de 1971), na Rialacháin iomlána nár cúlghaireadh roimhe sin,

(vi) Sna Rialacháin um Mianaigh agus Cairéil (Clár Ginearálta), 1974 (I.R. Uimh. 97 de 1974) -
(a) na focail "agus cairéil" cibé áit ina mbíonn siad,
(b) i Rialachán 4 na focail "agus cairéal", agus
(c) i Rialacháin 5, 6, 7, 8 agus 9 agus an Sceideal na focail "no cairéal" cibé áit ina mbíonn siad,

(vii) Rialacháin um Chairéil (Ginearálta), 1974 (I.R. Uimh. 146 de 1974), na Rialacháin iomlána, nár cúlghaireadh roimhe sin, agus

(viii) Rialacháin um Chairéil (Pléascaigh) (Leasú), 1976 (I.R Uimh. 1 de 1976).

### 3 Na Rialacháin um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2008 (I.R Uimh. 130 de 2008)

Shínigh Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na Rialacháin sin an 2 Bealtaine 2008 agus tháinig cuid acu i ngníomh ón dáta sin agus tiocfaidh na forálacha eile i ngníomh an 6 Iúil 2009.

Cuspóir na Rialachán seo ná na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 (I.R Uimh. 504 de 2006) a leasú maidir le dáta tosach feidhme na Rialachán 19(1)(b), 25(1)(b), 29(1)(g), 74(e) agus 97(b) agus (c), atá athraithe ón 6 Bealtaine 2008 go dtí an 6 Iúil 2009, maidir le seilbh ar Chárta Cláraithe um Scileanna Foirgníochta faoin Scéim Deimhnithe um Scileanna Foirgníochta, mar a bhaineann sé leis na tascanna seo a leanas –

(i) Scafall túir soghluaiste (áit nár cuireadh oiliúint bhunúsach ná ardoiriúint scafalra ar an bhfostaí),

(ii) Comharthaíocht, soilsiú agus gardáil ar bhóithre,

(iii) Seirbhísí faoin talamh a aimsiú, agus

(iv) Séideadh pléascáin.

atá liostaithe in ailt 1(1)(c), (r), (s) and (t) de Sceideal 4 le Rialacháin 2006.

Ceartaíonn na Rialacháin earráid chlóghrafach in alt 1(1)(n) de Sceideal 4 de Rialacháin 2006 chomh maith.

### 4 An tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008)

Shínigh an tUachtarán an Bille Ceimiceáin 2008 an 9 Iúil 2008 agus achtaíodh leis sin mar an tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008) é, agus é tar éis a bheith seolta tríd an Oireachtas ag Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tháinig an tAcht i ngníomh an 15 Iúil 2008 tríd an Ordú faoin Acht Ceimiceán 2008 (Tosach Feidhme) 2008 (I.R. Uimh. 273 de 2008), a shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an lá sin.

Cuspóir an Achta Ceimiceán 2008 ná éifeacht sa bhreis a thabhairt do reachtaíocht AE a bhaineann le ceimiceáin, lena n-áirítear –

(i) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Phairlimint na hEorpa agus ó Comharile an 18 Nollaig 2006 dtaobh le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán á bunú, arna leasú le Rialachán na Comharile (CE) Uimh. 1354/2007 an an 15 Saimhain 2007 (Rialacháin REACH) ,

(ii) Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach (arna leasú) (Rialachán Rotterdam) agus

(iii) Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComharile an31 Márta 2004 ar ghlantaigh, arna leasú le Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 907/2006 an 20 Meitheamh 2006 (an Rialachán um Ghlantaigh).

Tabharfar na Rialacháin AE seo a leanas laistigh de raon an Achta Ceimiceán chomh maith –

(i) Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComharile an 17 Meitheamh 2008 maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach,

(ii) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComharile an 16 Nollaig 2008 maidir le substaintí contúirteacha agus meascáin a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

(iii) Rialachán (CE) Uimh. 1336/2008 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComharile an 16 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 chun é a chur in oiriúint do Rialachán (EC) Uimh. 1272/2008 ar substaintí contúirteacha agus meascáin a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú.

Foráiltear leis an Acht seo chomh maith Rialacháin a dhéanamh chun na Treoracha 'Seveso' ar Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gceist a thrasuí, chun dul in ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gceist) 2006 (I.R. Uimh. 74 de 2006).

Leagann an tAcht amach na húdaráis náisiúnta a chuirfidh Rialacháin an AE i bhfeidhm agus forálann sé do chomhoibriú idir údaráis náisiúnta agus idir údaráis náisiúnta agus údaráis de bhallstáit eile san AE.

### 5 An tOrdú fán Acht na gCeimiceán (Tosach Feidhme) 2008 (I.R Uimh. 273 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta an tOrdú an 15 Iúil 2008 agus tháinig sé i ngníomh agus chuir sé an tAcht Ceimiceán in éifeacht ón dáta sin.

### 6 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach Áirithe) Ceimiceáin Tionscail) (Forfheidhmiú) (Cúlghairm) 2008 (I.R Uimh. 269 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin sin, an 15 Iúil 2008 agus cúlghair siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach Áirithe) (Ceimiceáin Tionscail) (Forfheidhmiú) 2002 (I.R Uimh. 395 de 2002) an dáta sin.

### 7 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Glantaigh) (Cúlghairm) 2008 (I.R. Uimh. 270 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin sin, an 15 Iúil 2008 agus cúlghair siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glantaigh) 2005 (I.R. Uimh. 844 de 2005) an dáta sin.

### 8 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú)) (Leasú) 2008 (I.R Uimh. 271 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin seo an 15 Iúil 2008 agus tháinig siad in éifeacht an dáta sin.

Déanann na Rialacháin leasuithe teicniúla ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004) lena leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2007 (I.R Uimh. 76 de 2007) trí fhorálacha éagsúla a chúlghairm.

Foráiltear go díreach anois i Rialachán REACH (CE) Uimh. 1907/2006 do na hábhair a chlúdaigh na forálacha cúlghairthe.

### 9 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú agus a Fhógairt) (Leasú) 2008 (I.R Uimh. 272 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin sin an 15 Iúil 2008 agus tháinig siad in éifeacht an dáta sin. The Regulations amended the European Communities (Classification, Packaging, Labelling and Notification of Dangerous Substances) Regulations 2003 (S.I. No. 116 of 2003) as last previously amended by the European Communities (Classification, Packaging, Labelling and Notification of Dangerous Substances)(Amendment) Regulations 2006 (S.I. No. 25 of 2006).

Trasuíonn na Rialacháin Treoir 2006/121/CE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, lena leasaítear Treoir ón gComhairle 67/548/CEE ar chomhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin maidir le substaintí contúirteacha a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú chun í a chur in oiriúint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i dtaobh le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán á bunú.

### 10 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2008 (I.R Uimh. 371 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin sin ar an 16 Meán Fómhair 2008 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 3 Aibreán 2009.

Leasaíonn na Rialacháin Sceideal 1 le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2003 (I.R Uimh. 220 de 2003) agus arna leasú roimhe sin ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2007 (I.R Uimh. 746 de 2007) .

Trasuíonn na Rialacháin Treoir 2007/51/CE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2007, lena leasaítear Treoir ón gComhairle 76/769/CEE maidir le srianta ar mhargú gairis tomhais áirithe a bhfuil mearcair iontu.

### 11 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 406 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin sin ar an 17 Deireadh Fómhair 2008 agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an 29 Nollaig 2009.

Trasuíonn na Rialacháin Airteagal 24 de Threoir 2006/42/CE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 ar innealra, agus leasaíonn siad Treoir 95/16/CE den 29 Meitheamh 1995. (Trasuíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2008 (I.R. Uimh. 407 de 2008) forálacha eile na Treorach sin i ndlí na hÉireann).

Leasaíonn na Rialacháin Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) 1998 tríd na sainmhínithe ar "Údarás" agus "ardaitheoir" a leasú, agus sainmhíniú nua ar"iompróir" a chur isteach. Déantar nuashonrú ar an tagairt do "Treoir 95/16/CE" ionas go bhfuil an tagairt "agus arna leasú le hAirteagal 24 de Threoir 2006/42/EC" ann.

### 12 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2008 (I.R Uimh. 407 de 2008)

Shínigh Mary Coughlan, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin seo an 17 Deireadh Fómhair 2008. Tiocfaidh siad i bhfeidhm an 29 Nollaig 2009, seachas nuair a bhaineann siad le fosú cartúis iniompartha agus innealra tuinsimh eile a chomhlíonann forálacha reatha atá i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2006, tiochfaidh na Rialacháin i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2011. Cúlghaireann agus téann na Rialacháin in ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2001 (I.R Uimh. 518 de 2001) ón 29 Nollaig 2009 dá réir.

Trasuíonn na Rialacháin Treoir 2006/42/CE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 ar innealra (seachas Airteagal 24), i ndlí na hÉireann agus leasaíonn siad Treoir 95/16/CE an 29 Meitheamh 1995. Trasuitear Airteagal 24 de Threoir 2006/42/CE i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 406 de 2008).

### 13 Na Rialacháin um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair (Foirgníocht) (Leasú) (Uimh 2) 2008 (I.R Uimh. 423 de 2008)

Shínigh Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na Rialcháin an 30 Deireadh Fómhair 2008 agus tháinig siad i bhfeidhm an 6 Iúil 2009.

Cuspóir na Rialachán ná Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006) a leasú, mar a leasaigh na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú )2008 (I.R Uimh. 130 de 2008) roimhe sin iad, trí fhorálacha leasaithe a chur in ionad Rialachán 97, a bhain le gardáil, soilsiú agus comharthaíocht maidir le hoibreacha foirgníochta ar bhóithre, cosáin agus rianta rothaíochta.

### 14 Substaintí Contúirteacha) (Leasú) 2008 (S.I Uimh. 272 de 2008)

Shínigh Billy Kelleher, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na Rialacháin seo an 24 Nollaig 2008 agus tháinig siad i ngníomh an 1 Eanáir 2009.

Téann na Rialacháin seo in ionad na Rialachán um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) 2006 (I.R Uimh. 630 de 2006) agus forálann siad do leasú na Rialachán um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) 1979 [arna leasú roimhe sin an uair dheireanach leis na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha ) 2006 (I.R. Uimh. 630 de 2006)].

## Cóid Chleachtais arna fhoilsiú ag an Údarás i 2008

### (i) Cód Cleachtais do Chonraitheoirí a bhfuil Triúr Fostaithe nó Níos Lú ná sin acu

Soláthraíonn an Cód Cleachtais sin treoir phraiticiúil maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh, lena n-áirítear go sonrach forálacha ailt 19 agus 20 den Acht, agus forálacha na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006). Tháinig sé i ngníomh an 2 Aibreán 2008.

**(ii) Cód Cleachtais do Scafaill Rochtana agus Scafaill Oibre**

Tháinig an Cód Cleachtais seo i ngníomh an 1 Eanáir 2009. Aidhm an Chóid Chleachtais ná treoir phraiticiúil a sholáthar do thógálaithe , conraitheoirí agus úsáideoirí scafall maidir leis na ceanglais agus toirmisc atá leagtha amach sna forálacha reachtacha ábhartha. Go sonrach, ach ní go heisiach, soláthraíonn an Cód Cleachtais treoir phraiticiúil maidir leis na forálacha seo a leanas a chomhlíonadh -

(i) Caibidil 1 de Chuid 2 (ailt 8 go 12 maidir le dualgais ghinearálta fostóirí) agus Caibidil 2 de Chuid 2 (ailt 13 go 14 maidir le dualgais ghinearálta fostóirí, etc.) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005);

(ii) Cuid 2 (Rialacháin 6 go 23 maidir le dearadh agus bainistíocht), Cuid 3 (Rialacháin 24 go 29 maidir le dualgais ghinearálta conraitheoirí agus daoine eile) agus Cuid 4 (Rialachán 30 maidir le sábháilteacht ar an láithreán agus rochtain ar láithreáin tógála; Rialachán 35 maidir le cosaint ó ábhar ag titim agus clogaid sábháilteachta chosanta; Rialachán 40 maidir le hionaid oibre a shoilsiú; Rialachán 42 maidir le tairní starracha agus ábhar scaoilte; Rialachán 43 maidir le struchtúir shealadacha a thógáil; agus Rialachán 44 maidir le contúirt a sheachaint ó struchtúir a thiteann) na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 (IR Uimh. 504 de 2006); agus

(iii) Chapter 2 of Part 2 (Regulations 27 to 59 in relation to the use of work equipment), Chapter 3 of Part 2 (Rialacháin 62 go 67 maidir le trealamh cosanta pearsanta), Cuid 3 (Rialacháin 74 go 93 maidir le leictreachas) agus Cuid 4 (Rialacháin 94 go 119) maidir le hobair ar airde) de na Rialacháin um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R Uimh. 299 de 2007) agus arna leasú ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2007 I.R Uimh. 732 de 2007).

Téann an Cód Cleachtais seo in ionad an Chóid Chleachtais dar teideal "Code of Practice for Access and Working Scaffolds" arna heisiúint ag an Údarás i 1999 de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

**Cód Cleachtais Faofa ag an Údarás i 2008**

**Cód Cleachtais ESB Networks do Chontúirtí ó Línte Leictreachais Lastuas a Sheachaint**

D'fhaomh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, de réir Alt 60(1)(b) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) le toiliú an Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádáil agus Fostaíochta, Billy Kelleher, agus tar eis comhairliúcháin phoiblí, Cód Cleachtais dar teideal 'ESB Networks Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines'.

D'ullmhaigh ESB Networks an Cód Cleachtais le cabhair ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Aidhm an Chóid ná an leibhéal sábháilteachta maidir le hobair cóngarach do línte leictreachais lastuas a fheabhsú, agus ar an dóigh sin cabhrú leo siúd a bhíonn ag obair cóngarach do línte leictreachais lastuas maidir le bunchontúirtí a sheachaint.

Tá an Cód Cleachtais seo ceaptha treoir phraiticiúil a sholáthar do Chliaint, Dearthóirí, Pleanálaithe, Maoirseoirí Tionscadail (Próiseas Deartha agsu Céim Tógála), Conraitheoirí, Ionadaithe Sábháilteachta agus aon phearsanra a thugann faoi obair ina mbíonn siad i baol ó línte leictreachais lastuas.
Tháinig an Cód Cleachtais i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 2008.

# Aguisín D:
# Fochoistí an Bhoird

## Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird (L&GSC)

**Baill i 2008:**

- Rosie Sheerin (Cathaoirleach)
- Marian Byron
- Dermot Carey
- Esther Lynch

Bhí ocht gcruinniú ag an L&GSC le linn 2008. Rinneadh athbhreithniú ar ghnéithe éagsúla na bhforálacha reachtúla ábhartha agus forbraíodh tograí ar dhréachtrialacháin, cóid chleachtais agus treoirlínte le hathbhreithniú ag an mBord agus cur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Aire Gnóthaí Saothair. Tá liosta in Aguisín C de shonraí na Rialachán a rinne na hAirí agus Cóid chleachtais arna bhfoilsiú ag an Údarás i 2008.

Tugadh faoi obair ullmhúcháin mhionsonraithe maidir le forbairt tograí reachtacha eile atá ar sceideal le bheith críochnaithe i 2009 -

(i) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht ag an Obair) agus dréachtchóid chleachtais ghaolmhara

(ii) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú)

Tá obair ullmhúcháin déanta ag an L&GSC chomh maith ar thograí do na cóid chleachtais seo a leanas, atá ar sceideal le bheith críochnaithe i 2009 –

(i) Dréachtchód Cleachtais maidir le Dearadh agus Suíteáil Ancairí i gCoincréit

(ii) Dréachtchód Cleachtais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte a Bhainistiú in Oibríochtaí Foraoiseachta

(iii) Dréachtchód Cleachtais maidir le hObair i Spásanna Prochógacha

(iv) Dréachtchód Cleachtais maidir le Contúirtí a Sheachaint ó Sheirbhísí Faoin Talamh

(v) Dréachtchód Cleachtais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ar Shoithí Iascaireachta níos lú ná 15 mhéadar ar fhad agus a bhfuil criú níos lú ná triúr acu.

Áirítear ar na cáipéisí treorach eile a ndearna an L&GSC athbhreithniú orthu agus a d'fhoilsigh an tÚdarás i 2008:

(i) Treoir maidir le torann sna hearnálacha ceoil agus siamsaíochta

(ii) 'Bileog Eolais ar 'Child Safety on the Farm'

(iii) Treoir Dea-chleachtais do Chliaint i bhFoirgníocht

# Fochoistí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Airgeadais an Bhoird

Seolann Fochoistí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Airgeadais an Bhoird feidhm iniúchóra inmheánaigh an Údaráis agus cinntíonn siad go gcothaíonn an tÚdarás na caighdeáin is airde ó thaobh ionracas airgeadais.

**Baill i 2008:**

- Sean Corrigan (Cathaoirleach)
- Anne Marie Hayes
- Pat Kearney
- Dessie Robinson

Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire i 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na míreanna airgeadais le breithniú ag an mBord. Áiríodh ar na míreanna na hábhair sin sna tuarascálacha airgeadais míosúla, ráitis airgeadais bhliantúla agus tograí caiteachais a chaithfidh an bord a fhaomhadh, agus aon bheartas nua/leasaithe a bhaineann le cúinsí airgeadais an Údaráis.

Tá na baill chéanna ar an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí is atá ar an gCoiste Airgeadais. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2008. D'fhreastail Iniúchóirí Inmheánacha an Údaráis ar na cruinnithe seo chomh maith. Áiríodh ar na tuarascálacha iniúchóra a bhreithnigh an Chomhairle le déanaí Airgeadas, Reachtaíocht, Oideachas agus Oiliúint, Párolla, HR, ICT agus Aonaid Sláine Ceirde/Straitéis Oideachais. Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh a d'ullmhaigh na hIniúchóirí Inmheánacha chomh maith.

# Fochoiste an Bhoird um Athbhreithniú Straitéiseach agus Forfheidhmiú

Tagann Fochoiste an Bhoird um Athbhreithniú Straitéiseach agus Forfheidhmiú le chéile chun straitéis agus rialachas foriomlán an Údaráis a athbhreithniú.

**Baill i 2008:**

- Jim Lyons (Cathaoirleach)
- Eamon Devoy
- Francis Rochford
- Christina McEleney
- Marian Byron

Tháinig an coiste seo le chéile faoi dhó i 2008. Airíodh ar na heochaircheisteanna ar déileáladh leo: Ráiteas Straitéise an Údaráis; Clár Oibre an Údaráis; earcú agus roghnú Chomhlíonadh agus Chomhairle ACE san Ionad Oibre; agus luach saothair an CEO.

# Aguisín E: Coistí Comhairliúcháin agus Grúpaí Oibre

## Coiste Comhairliúcháin Foirgníochta (CAC)

Tháinig an CAC le chéile cúig huaire le linn 2008 agus leanadh lena chur chuige comhpháirtíochta chun tabhairt faoi bhuncheisteanna sábháilteachta sa tionscal foirgníochta. Na príomhábhair ar déileáladh leo i 2008 ná: Cód Cleachtais um Shábháilteacht Foirgníochta do Chonraitheoirí a bhfuil Triúr fostaithe nó níos lú ná sin acu – arna sheoladh Márta 2008; Cód Cleachtais do Scafaill Rochtana agus Oibre i Meán Fómhair 2008; bileoga eolais a tháirgeadh ar Innealra Soghluaiste a Úsáid ar Láithreáin Tógála agus Stroighniú go Sábháilte; Treoirlínte Dea-Chleachtais do Chliaint i bhFoirgníocht; Cód Cleachtais Díonadóireachta – an cur chuige forbartha atá le tabhairt; Cód Cleachtais do Dhearadh agus Suíteáil Ancairí i gCoincréit – dréachtaithe chuig céim an chomhairliúcháin phoiblí; Scéim Deimhnithe Scileanna – Aitheantas a thabhairt do Cháilíochtaí coibhéiseacha ó Bhallstáit eile an AE agus ón Údarás Inniúil; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2008 agus an dáta tosach feidhme leasaithe i gcomhair oiliúint CSCS do Chomharthaíocht, Soilsiú & Gardáil, Scafall Túir Soghluaiste, Seirbhísí Faoin Talamh a Aimsiú agus Séideadh Pléascáin go dtí an 6 Iúil 2009; agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foigníocht) (Leasú) (Uimh.2) 2008 agus leasú ar Rialachán 97. Tháinig Grúpa Oibre an Tionsnaimh Triú Leibhéal, foghrúpa an CAC, le chéile faoi thrí agus lean siad orthu ag obair chun raon creatsiollabais a aimsiú don oideachas triú leibhéal faoi Chathaoirleach nua agus Téarmaí Tagartha nua.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Dessie Robinson (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Impact |
| Dermot Carey (Leas-Chathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Denis Farrell | Building and Allied Trades' Union |
| John Graby | Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann |
| John Ryan | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Kevin Enright | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostoirí na hÉireann |
| Kevin Geraghty | Cónaidhm Coincréite na hÉireann |
| Michael Moriarty | Cumann Innealltóirí Comhairleacha na hÉireann |
| Nevin Mulrooney | Cumann na Siurbhéirí Cairte |
| Nicholas O'Loughlin | An Roinn Airgeadais |
| Paddy Coughlan | SIPTU |
| Robert Byrne | FÁS |
| Jim Jenkinson | FÁS |
| Tom Gorman | Institiúid Innealtóirí na hÉireann |
| Martin O'Dea | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Paraig Earley | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Eoin Kennedy | Cónaidhm Coincréite na hÉireann |
| Lloyd Scott | Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Robert Butler | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Elaine Walsh(Secretary) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# An Coiste um Chomhairliúchán Teicniúil agus Eolaíoch (TSAC)

Bhuail an TSAC le chéile trí huaire i 2008. Chuir an Coiste fáilte roimh Chathaoirleach nua i bhFeabhra agus d'fhorbair sé Téarmaí Tagartha nua lena fheidhmiú agus comhaontaíodh ainmniúchán baill nua do 2009. Ina theannta sin, chabhraigh sé le moltaí don Bhord maidir leis na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha agus iarratais ar phleanáil Talamhúsáide mórthimpeall Láithreáin Seveso a fhorbairt. Bhreithnigh an Coiste raon ábhar chomh maith lena n-áirítear an Rialachán REACH, an tAcht Ceimiceán 2008, an Rialachán um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP), Nanaitheicneolaíocht, na Rialacháin um Onnmhairiú agus Allmhairiú agus leasuithe ar an Treoir maidir le Margú agus le hÚsáid. Bhí cruinnithe rialta chomh maith ag na trí ghrúpa oibre ad-hoc ar Iompar -ADR, CLP-GHS agus nanaitheicneolaíocht agus thug siad chomhairle don TSAC.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Marian Byron (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Frank Barry (Leas-Chathaoirleach) | ICTU |
| Anne-Marie Finlay | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| Michael Gillen | IBEC |
| Carl Anders | IBEC |
| Eddie Mullins | ICTU |
| Darren Byrne | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Keith Armstrong | An tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí |
| Conor Clenaghan | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Sharon McGuinness | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Majella Cosgrave | An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta (Ionadaí do Dr Sharon McGuinness) |
| Roseleen Murphy (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC)

Tháinig an FSPAC le chéile sé huaire i rith 2008. Na príomhábhair ar déileáladh leo i 2008 ná: Athbhunú agus neartú an Choiste le baill sa bhreis, lena n-áirítear baill ón ICA, Irish Rural Link, Cumann Comhairleoirí Talmhaíochta agus an HSE; an t-athbhreithniú deiridh ar an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm 2003–2007 a chomhaontú; ag tacú leis an gComhdháil Uile-Oileáin (HSA/HSE NI) um Shábháilteachtar an bhFeirm – ar siúl an 18 Meitheamh i Muineachán; cabhrú ag seastán mór Sábháilteachta agus Sláinte ag Seó Talmhaíochta Teagasc, Farmfest i mBaile Átha an Rí an 20 Meitheamh; ag díriú ar bhuncheisteanna sábháilteachta d'fheirmeoirí scothaosta ag an Seastán Sláinte agus Sábháilteachta á sholáthar ag Seó Talmhaíochta Bheanntraí an 7 Meán Fómhair; tacú agus cabhrú le seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2008 i gCill Chainnigh; Plean Gníomhaíochta FSPAC 2009– 2012 nua a mholadh, a d'fhaomh an Bord agus a sheol an tAire Kelleher i mí na Nollag; cabhrú le hagra-fholláine Comhdháil Talmhaíochta folláine a bhí ag plé le sláinte agus folláine i mí na Nollag.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Pat Kearney (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Brian Carroll | An Cumann Comhairleoirí Talamhaíochta |
| Jim Dockery | Farm Relief Network |
| Jenny Kiely | Bantracht na Tuaithe |
| Michael Larkin | Macra na Feirme |
| John McNamara | Teagasc |
| Oliver McEvoy | An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia |
| Michael Moroney | Farm Tractor Machinery Trade Association |
| Tom Murphy | Professional Agricultural Contractors Association (PAC Ireland) |
| Vincent Nally | Irish Rural Link |
| John O'Donnell | Cumann Soláthróirí Bainne na hÉireann |
| Biddy O'Neill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Ciarán Roche | FBD Insurance |
| Mary Sherry | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Pat Griffin | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Anthony Morahan | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Maura Kavanagh (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach An Deiscirt (SRAC)

Bhí ceithre chruinniú ar siúl le linn 2008 ag Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Deiscirt, mar aon le cruinnithe foghrúpa. Eagraíodh trí sheimineár sa Réigiún, dírithe ar chonraitheoirí beaga agus orthu siúd a ghlacann páirt i bpleanáil, dearadh, cothabháil nó tógáil tionscadail oibreacha bóthair. Phléigh na seimineáir na buncheisteanna is déanaí i ndáil le Sábháilteacht Oibreacha Bóthair lena n-áirítear línte cumhachta lastuas, measúnú ar riosca agus comharthaíocht. Eagraíodh seimineár sa bhreis ar Mheasúnú ar Riosca, dírithe ar ghnóthaí beaga, le linn Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa i nDeireadh Fómhair. Tugadh cur i láthair don Choiste le linn na bliana ar Chód Cleachtais ESB Networks ar Shábháilteacht ag Línte Cumhachta Lastuas, Toolkit na Rialachán um Fheidhm Ghinearálta agus Straitéis Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre de chuid an Údaráis.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Sylvester Cronin (Cathaoirleach) | Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta, SIPTU |
| Anne Keohane | IFA |
| Anne Marie Hayes | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta |
| Conor O'Connell | CIF |
| Dan McSweeney | IBEC |
| David Neal | IFO |
| Donal Tobin | SIPTU |
| Maria O'Brien | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Eddie Ronayne | Comhairle Co. Chorcaí |
| Enda McWeeney | FÁS |
| Ger Buckley | ESB |
| John Dromey | Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Kate Dervan | IOSH |
| Mary Keane | NISO |
| Maurice O'Riordan | ICMSA |
| Pat O'Flynn | SIPTU |
| Robert Stuart | Comhairle Co. Chiarraí |
| Sean Hyde | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Patricia Truscott (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Iarthair (WRAC)

Cruthaíodh WRAC nua agus a chéad chruinniú an 23 Bealtaine 2008. Tá baill nua agus baill athcheaptha ar an gcoiste nua, agus tá go leor ionadaithe ó thionscal sa réigiún ann freisin. Bhuail an WRAC le chéile ceithre huaire i rith 2008. Bunaíodh fochoiste den WRAC chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí/tionscnaimh sa réigiún agus bhí trí chruinniú á reáchtáil acu. D'eagraigh an fochoiste trí chruinniú achoimre ar reachtaíocht sábhailteachta ag oibreacha bóthair, comharthaíocht, soilsiú agus gardáil. Bhí na seisiúin ar siúl i nGailliimh, Maigh Eo agus sa Chlár le linn mhí na Samhna agus na Nollag 2008. D'fhreastail thart ar 150 toscaire ón earnáil foirgníochta orthu. Ghlac baill an WRAC páirt i Siúlóid Sábháilteachta ar an bhFeirm i gCo. na Gaillimhe i rith chomhdháil náisiúnta Macra na Feirme. D'fhreastail daichead feirmeoir óg air agus fuarthas aiseolas dearfach uaidh.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Dermot Carey (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Pat Kearney | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Louise Galvin | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Maigh Eo |
| Justin Molloy | CIF |
| Shane MacLoughlin | IBEC |
| John McGovern | Coillte |
| Gerry Finnerty | Gort Livestock Mart |
| Sgt Pat Fitzmaurice | An Garda Síochana |
| Dr Shelly Hegarty | Comhairle Co. An Chláir |
| Deirdre O'Shea | Comhairle Co. An Chláir |
| Martin Cleary | ESB Networks |
| Caitriona Gannon | Baxter Healthcare |
| Tom O'Connor | Craobh an Iarthair NISO |
| James Glennon | FÁS |
| Joe Kelly | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Noel Kilfeather | SIPTU |
| Michael Dolly | Comhairle Co. na Gaillimhe |
| Maura Canning | IFA |
| PJ Murphy | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Orla Cahalan (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Oirdheiscirt (SERAC)

Tháinig SERAC le chéile ceithre huaire i 2008. Tugadh cur i láthair don choiste ar na hábhair seo a leanas: Foireann Uirlisí Sábháilteachta agus Treoir Ghairid maidir leis na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 2007 – Leagan na nGnóthaí Beaga; Bulaíocht agus an Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus Fostaithe maidir le Bulaíocht ag an Obair a Chosc agus a Réiteach; Leasuithe ar na Rialacháin Foirgníochta maidir le Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil. Bhí ionadaithe SERAC i láthair ag seimineár Bhord Iascaigh Mhara ar "Diongbháilteacht Soithí Beaga" i nDún Mór, Co Phort Láirge i Márta. D'eagraigh Coiste SERAC dhá sheimineár an-rathúil: D'eagraigh Coiste SERAC dhá sheimineár an-rathúil – an seimineár "Workplace Safety – Who is Responsible" a bhí ar siúl i gCill Chainnigh in Aibreán, agus a fuair tacaíocht mhór le 80 duine ag freastal air; an seimineár "Health and Safety Requirements for Small – Medium Contractors" arna reáchtáil i gcomhar le SERAC agus Údaráis Áitiúla an Oirdheiscirt i gCeatharlach i Meán Fómhair agus 160 duine ag freastal air. Príomhchuspóirí na seimineár ná feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn agus cabhair a thabhairt don Údarás tionscnaimh náisiúnta a sholáthar ag leibhéal réigiúnach. Bhí an-rath ar na seimineáir ó thaobh an teachtaireacht ar an dá ábhar ar leith a thabhairt agus an-éileamh ar áiteanna mar is gnách agus comhairle mhaith á tabhairt ag baill an choiste. Thug fochoiste na Sláinte Ceirde de chuid SERAC an leagan deireanach de na Treoirlínte um Shláinte Ceirde a Bhainistiú chun críche i Meitheamh 2008.

**Baill i 2008:**

| | |
|---|---|
| Rosie Sheerin (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| John Cassidy | FÁS |
| John Cooney | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Ruairi Connor | Institute of Occupational Health and Safety |
| Sínead Corcoran | Comhlachas na nGnóthlachtaí Beaga (SFA) |
| Patrick Cummins | An Comhlachas Snámha agus Tarrthála (IWSA) |
| James Curran | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF) |
| Caroline Foley, | SIPTU |
| Philip Gavin, | Cónaidhm na nÓstán Éireannach |
| John Hickey | Bord Iascaigh Mhara |
| John Hogan | Teagasc |
| Sean Kavanagh | Comhairle Contae Loch Garman |
| Michael Keating | Roadstone Provinces |
| Eoin Kennedy | Cónaidhm Coincréite na hÉireann |
| JJ Killian | Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann |
| Kieran Leahy | Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána |
| Ray Murray | Bord Iascaigh Mhara |
| Darryl McCabe | Comhairleoir Sábháilteachta, Foirgníocht |
| Ray Murray | Bord Iascaigh Mhara |
| Mary O'Doherty, | Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| Rosaleen O'Keeffe | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostoirí na hÉireann |
| Tony Power | Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann |
| Bill Rafter | Bord Fiontar Chathair Phort Láirge |
| Lisa Russell | Comhairle Co. Chill Chainnigh |
| Aileen Scott | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) an Deiscirt |
| Brian Sheerin | Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirdheiscirt |
| Mark Cullen | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Maura Kavanagh (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRAC)

Tháinig Coiste Comhairliúcháin Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRAC) le chéile ceithre huaire le linn 2008. Chuaigh na laethanta sábháilteachta ar an bhfeirm ar aghaidh do mhic léinn ón idirbhliain i gceithre mheánscoil ar Leithinis Inis Eoghain. Is éard a bhí i gceist anseo ná grúpaí mac léinn ag tabhairt cuairt ar an bhfeirm agus ag comhlánú Chód Cleachtais an Údaráis do Thalmhaíocht, bunaithe ar na guaiseanna a sainaithníodh. Bronnadh duaiseanna ar na buaiteoirí ag deireadh gach lae. Reáchtáladh tráthnóna faisnéise do chonraitheoirí atá fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin. Thug cigire de chuid an Údaráis eolas ar reachtaíocht foirgníochta don lucht freastail. Lean obair tionscnaimh ar aghaidh ar an tionscadal Keep Safe (dírithe ar pháistí bunscoile) le linn 2008. Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall leis an tionscadal 'Keep Safe' i gcomhair 2009.

**Baill 2008:**

| | |
|---|---|
| Christina McEleney (Cathaoirleach) | Ball an Bhoird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Martin Shields, Rúnaí | NISO (Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann) Brainse an Iarthuaiscirt |
| Anthony McCormac, | Leas-Rúnaí an Bhrainse, SIPTU, Sligeach |
| Art McGrath | Oifigeach Oideachais, Teagasc, Co. Dhún na nGall |
| Lynn McLaughlin | IBEC, Brainse an Iarthuaiscirt |
| Tony Kelly | IMPACT, Sligeach |
| David Mullarkey | Léachtóir, I.T, Sligeach |
| Gerald Mawn | Príomhoifigeach Sábháilteachta, Coillte Teo, Baile Dhún na nGall |
| Louis Cabena | Comhairleoir Oiliúna Sinsearach, FÁS, Sligeach |
| Mary McGreal | Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Feirme um Beartas Teaghlaigh & Sóisialta, IFA |
| Sonya Maguire, | Ionadaí LASAG, Comhairle Contae an Chabháin |
| Ted Breslin | Leas-Phríomhoifigeach Feidhmeannach, Eagraíocht Iascairí na gCeall Beag |
| Tom Currid | Cathaoirleach, CIF, Braine an Iarthuaiscirt |
| Vincent Turley | Uachtarán, Cumann Lucht Tráchtála Mhuineacháin |
| Annemarie Luby | VEC Dhún na nGall |
| James McHugh | ESB |
| Bernadette McLoughlin | ICA |
| PJ Murphy | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Orla Cahalan (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

*Ag obair le*
*Cultúr Náisiúnta*
*Barr Feabhais*
*i Sábháilteacht, Sláinte*
*agus Leas san Ionad Oibre*
*a chruthú*
*d'Éirinn*

**AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

**Teil: 1890 289 389**

Glaochanna ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann

**00353 1 6147000**

Fax. (01) 6147020

www.hsa.ie

AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

ISBN No: 978-1-84496-113-9

HSA 0323